GA

ARDRÚNAÍOCHT NA COMHAIRLE

# Rialacha maidir le himeachtaí na gCruinnithe Mullaigh faoin Euro a eagrú

TÉACSANNA TAGARTHA



MÁRTA 2013

**Fógra**

Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an bróisiúr seo; is chun críocha na faisnéise amháin é.

Má tá faisnéis uait faoin gComhairle Eorpach, faoin gComhairle agus faoi na Cruinnithe Mullaigh faoin Euro, féadfaidh tú breathnú ar na láithreáin ghréasáin seo a leanas:

www.european-council.europa.eu
www.consilium.europa.eu
www.eurozone.europa.eu

nó téigh i dteagmháil le Roinn na Faisnéise Poiblí in Ardrúnaíocht na Comhairle:

Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

Teil. +32 22815650
Facs +32 22814977
www.consilium.europa.eu/infopublic

Tá tuilleadh faisnéise faoin Aontas Eorpach ar fáil ar an Idirlíon (http://europa.eu).

Féadfar sonraí maidir le catalógú a fháil ag deireadh an fhoilseacháin seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2013

ISBN 978-92-824-3939-5
doi:10.2860/2384

© Grianghraif chumhdaigh:
Mopic — Fotolia.com; Seirbhís Grianghraf Ardrúnaíocht na Comhairle

© An tAontas Eorpach, 2013
Atáirgeadh údaraithe ach an fhoinse a admháil.

*Printed in Italy*

Arna chlóbhualadh ar pháipéar bán go hiomlán saor ó chlóirín (TCF)

# Rialacha maidir le himeachtaí na gCruinnithe Mullaigh faoin Euro a eagrú

# An Clár

Réamhrá . . . . . 5

1. Fógra faoi chruinnithe agus faoi ionad na gcruinnithe . . . . . 7

2. Ullmhúchán d'imeachtaí an Chruinnithe Mullaigh faoin Euro agus an obair leantach a thiocfaidh astu . . . . . 7

3. An clár oibre a ullmhú . . . . . 8

4. Comhdhéanamh an Chruinnithe Mullaigh faoin Euro, na toscaireachtaí agus seoladh na n-imeachtaí . . . . . 9

5. Uachtarán an Chruinnithe Mullaigh faoin Euro . . . . . 10

6. Ráitis . . . . . 11

7. An rúndacht ghairmiúil agus doiciméid a thabhairt ar aird in imeachtaí dlíthiúla . . . . . 12

8. Rúnaíocht agus slándáil . . . . . 12

9. Leasú ar na rialacha . . . . . 12

10. Comhfhreagras a chuirtear chuig an gCruinniú Mullaigh faoin Euro . . . . . 13

Téacsanna tagartha

Ráiteas ón gCruinniú Mullaigh faoin Euro an 26 Deireadh Fómhair 2011 . . . . . 14

Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 18-19 Deireadh Fómhair 2012 . . . . . 28

Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 13-14 Nollaig 2012 . . . . . 41

# Réamhrá

Beidh feidhm ag na treoirphrionsabail le haghaidh seoladh imeachtaí na gCruinnithe Mullaigh faoin Euro[1] chun trédhearcacht agus éifeachtacht na modhanna oibre a áirithiú, faoina mbeidh acmhainn iomlán ag Comhaltaí na gCruinnithe Mullaigh faoin Euro gach saincheist chomhleasa a bhaineann leis an limistéar euro a phlé eatarthu féin agus cearta nós imeachta agus substainteacha Bhallstáit eile an Aontais á n-urramú agus tús áite á thabhairt do mhodhanna cuimsitheacha nuair is indéanta é sin agus nuair atá call leo.

Maidir le pointí eagrúcháin nach bhfuil cinneadh déanta ina leith sna rialacha, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Eorpaí mar fhoinse thagartha.

---

[1] Tá na nithe seo a leanas ábhartha d'eagrú na gCruinnithe Mullaigh faoin Euro: Airteagal 12 den Chonradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (TSCG) *http://www.eurozone.europa.eu/euro-area/topics/treaty-on-stability,-coordination-and-governance-(tscg)/*, an Ráiteas ón gCruinniú Mullaigh faoin Euro an 26 Deireadh Fómhair 2011 (féach lch. 14) agus na Conclúidí ó na Comhairlí Eorpacha an 18-19 Deireadh Fómhair 2012 (féach lch. 28) agus an 13-14 Nollaig 2012 (féach lch. 41).

## 1. Fógra faoi chruinnithe agus faoi ionad na gcruinnithe

1. Tiocfaidh an Cruinniú Mullaigh faoin Euro le chéile dhá uair in aghaidh na bliana ar a laghad, arna chomóradh ag a Uachtarán. Tionólfar a ghnáthchruinnithe tar éis chruinnithe na Comhairle Eorpaí nuair is féidir.

2. Tionólfar an Cruinniú Mullaigh faoin Euro sa Bhruiséil, muna gcinnfidh an tUachtarán a mhalairt agus i gcomhaontú le Comhaltaí an Chruinnithe Mullaigh faoin Euro.

3. De bharr imthosca eisceachtúla nó cásanna éigeandála d'fhéadfadh go mbeadh call le maoluithe a dhéanamh ar na rialacha reatha.

## 2. Ullmhúchán d'imeachtaí an Chruinnithe Mullaigh faoin Euro agus an obair leantach a thiocfaidh astu

1. I ndlúthchomhar le hUachtarán an Choimisiúin, agus ar bhonn obair ullmhúcháin an Ghrúpa Euro, áiritheoidh Uachtarán an Chruinnithe Mullaigh faoin Euro obair ullmhúcháin agus leanúnachas oibre an Chruinnithe Mullaigh.

2. Déanfaidh an Grúpa Euro obair ullmhúcháin le haghaidh na gCruinnithe Mullaigh faoin Euro agus áiritheoidh sé go ndéanfar obair leantach as a los sin. Áiritheofar go gcuirfear faisnéis ar fáil do Coreper roimh chruinnithe de chuid an Chruinnithe Mullaigh agus ina ndiaidh.

3. Bunóidh an tUachtarán dlúthchomhar le hUachtaránacht an Ghrúpa Euro agus le hUachtarán an Choimisiúin, go háirithe trí mheán cruinnithe rialta uair

amháin in aghaidh na míosa, de ghnáth. Féadfar cuireadh a thabhairt d'Uachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh bheith rannpháirteach.

4. Sa chás go ráiníonn constaic éigin mar gheall ar thinneas nó toisc go bhfaigheann sé nó sí bás nó má chuirtear deireadh lena théarma oifige nó lena téarma oifige i gcomhréir le hAirteagal 12(1) TSCG, ceapfar ina ionad nó ina hionad an comhalta den Chruinniú Mullaigh a mbeidh ionadaíocht á déanamh aige nó aici ar an mBallstát a mbeidh Uachtaránacht leathbhliantúil na Comhairle aige ag an am, go dtí go dtoghfar comharba air nó uirthi i gcás inar gá sin, nó, muna bhfuil sé sin infheidhme, an chéad Bhallstát eile a bhfuil an euro mar airgeadra aige agus a mbeidh aige Uachtaránacht na Comhairle.

## 3. An clár oibre a ullmhú

1. D'fhonn an t-ullmhúchán dá bhforáiltear i Riail 2(1) a áirithiú, tabharfaidh Uachtarán an Chruinithe Mullaigh ar aghaidh dréachtchlár oibre anótáilte don Ghrúpa Euro, ceithre seachtaine ar a laghad roimh gach gnáthchruinniú den Chruinniú Mullaigh dá dtagraítear i Riail 1(1), i ndlúthchomhar le hUachtarán an Choimisiúin agus le hUachtarán an Ghrúpa Euro.

2. De ghnáth, tionólfar an Grúpa Euro laisitgh de 15 lá sula dtionólfar cruinniú den Chruinniú Mullaigh chun an dréachtchlár a scrúdú agus tuairisceoidh a Uachtarán an toradh a bheidh ar na pléití chuig Uachtarán an Chruinnithe Mullaigh. I bhfianaise na tuarascála seo, cuirfidh Uachtarán an Chruinnithe Mullaigh an dréachchlár ar aghaidh chuig na Ceannairí Stáit nó Rialtais.

3. Nuair a ghlacfaidh Ceannairí Stáit nó Rialtais na bPáirtithe Conarthacha don TSCG páirt i bpléití na gCruinnithe Mullaigh, seachas iad sin a bhfuil an euro mar airgeadra acu, a mbeidh an TSCG daingnithe acu, beidh na Páirtithe Conarthacha sin bainteach le hullmhúchán na gCruinnithe Mullaigh maidir leis na saincheisteanna dá dtagraítear i Riail 4(5) i bhfoirm faoina gcinnteoidh Uachtarán an Chruinnithe Mullaigh.

4. Ag tús an chruinnithe, comhaontóidh an Cruinniú Mullaigh an clár oibre trí thromlach simplí.

## 4. Comhdhéanamh an Chruinnithe Mullaigh faoin Euro, na toscaireachtaí agus seoladh na n-imeachtaí

1. Beidh an Cruinniú Mullaigh faoin Euro comhdhéanta de Cheannairí Stáit nó Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh a bhfuil an euro mar airgeadra acu, mar aon lena Uachtarán agus Uachtarán an Choimisiúin.

2. Iarrfar ar Uachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh páirt a ghlacadh sna cruinnithe sin.

3. Féadfar cuireadh a thabhairt d'Uachtarán an Ghrúpa Euro bheith i láthair.

4. Féadfar cuireadh a thabhairt d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa chun go n-éistfear leis nó léi.

5. Maidir le Ceannairí Stáit nó Rialtais na bPáirtithe Conarthacha don TSCG, seachas iad siúd a bhfuil an euro mar airgeadra acu, a mbeidh an TSCG daingnithe acu, glacfaidh siad páirt i bpléití na gCruinnithe Mullaigh a bhainfidh le hiomaíochas le haghaidh na bPáirtithe Conarthacha, le modhnú ar ollstruchtúr foriomlán an limistéir euro agus na rialacha bunúsacha a mbeidh feidhm acu maidir leis sa todhchaí agus, ina theannta sin, nuair is cuí agus uair in aghaidh na bliana ar a laghad, i bpléití maidir le saincheisteanna sonracha a bhainfidh le cur chun feidhme an TSCG.

6. Beidh méid iomlán na dtoscaireachtaí a mbeidh cead acu rochtain a bheith acu ar an bhfoirgneamh ina mbeidh an cruinniú den Chomhairle Eorpach teoranta do 20 duine in aghaidh gach Ballstáit agus le haghaidh an Choimisiúin. Ní áireofar ar an líon sin an pearsanra teicniúil arna shannadh do thascanna

sonracha slándála nó do thascanna sonracha tacaíochta lóistíochta. Tabharfar fógra roimh ré d'Ardrúnaíocht na Comhairle faoi ainmneacha agus faoi fheidhmeanna chomhaltaí na dtoscaireachtaí.

7. Is é an tUachtarán a bheidh freagrach as na rialacha seo a chur i bhfeidhm agus as a áirithiú go ndéanfar an plé gan tuisliú. Chuige sin, féadfaidh an tUachtarán aon bheart a dhéanamh a chabhródh leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an am atá ar fáil a chur chun cinn, mar shampla, an t-ord ina bpléitear na hítimí a eagrú, teorainn a chur leis an am labhartha agus an t-ord ina labhróidh na rannpháirtithe a chinneadh.

8. Ní cruinnithe poiblí a bheidh sna Cruinnithe Mullaigh faoin Euro.

## 5. Uachtarán an Chruinnithe Mullaigh faoin Euro

1. Ceapfaidh Ceannairí Stáit nó Rialtais na mBallstát den Aontas Eorpach a bhfuil an euro mar airgeadra acu Uachtarán an Chruinnithe Mullaigh faoin Euro trí thromlach simplí ag an am céanna a thoghfaidh an Chomhairle Eorpach a hUachtarán agus don tréimhse oifige chéanna.

2. Maidir le hUachtarán an Chruinnithe Mullaigh faoin Euro:

(a) beidh sé mar chathaoirleach air agus stiúrfaidh sé a imeachtaí;
(b) ullmhóidh sé cláir oibre na gcruinnithe;
(c) áiritheoidh sé ullmhúchán agus leanúnachas obair an Chruinnithe Mullaigh faoin Euro i gcomhar le hUachtarán an Choimisiúin, agus ar bhonn obair an Ghrúpa Euro;
(d) áiritheoidh sé go ndéanfar obair na gcruinnithe uile den Chomhairle atá ábhartha agus na gcruinnithe uile aireachta atá ábhartha a léiriú san ullmhúchán a dhéanfar don Chruinniú Mullaigh faoin Euro;
(e) tuairisceoidh sé chuig Parlaimint na hEorpa tar éis gach ceann de na Cruinnithe Mullaigh faoin Euro;

(f) coimeádfaidh sé Páirtithe Conarthacha an TSCG seachas iad siúd a bhfuil an euro mar airgeadra acu agus Ballstáit eile an Aontais Eorpaigh ar an eolas go mion maidir le hullmhúchán na gCruinnithe Mullaigh faoin Euro agus maidir leis na torthaí a bheidh ar na cruinnithe Mullaigh faoin Euro;

(g) tíolacfaidh sé a dtiocfaidh as an plé a dhéanfar ag Cruinnithe Mullaigh faoin Euro, i gcomhar le hUachtarán an Choimisiúin.

# 6. Ráitis

1. Féadfar ráitis ón gCruinniú Mullaigh faoin Euro a eisiúint ina ndéantar achoimriú ar chomhsheasaimh agus ar línte comhchoiteanna gníomhaíochta, a phoibleofar.

2. Ullmhófar dréachtráitis an Chruinnithe Mullaigh faoin Euro faoi údarás Uachtarán an Chruinnithe Mullaigh faoin Euro, i ndlúthchomhar le hUachtarán an Choimisiúin agus le hUachtarán an Ghrúpa Euro, ar bhonn obair ullmhúcháin an Ghrúpa Euro.

3. Is trí chomhréiteach Chomhaltaí an Chruinnithe Mullaigh faoin Euro a chomhaontófar na ráitis.

4. Éiseofar na ráitis ón gCruinniú Mullaigh faoin Euro i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

5. Ar thogra ó Uachtarán an Chruinnithe Mullaigh faoin Euro, féadfar dréachtráitis ar ábhar práinne a fhormheas trí nós imeachta i scríbhinn, nuair a chomhaontaíonn Comhaltaí uile an Chruinnithe Mullaigh faoin Euro an nós imeachta sin a úsáid.

## 7. An rúndacht ghairmiúil agus doiciméid a thabhairt ar aird in imeachtaí dlíthiúla

Gan dochar do na forálacha maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid is infheidhme faoi dhlí an Aontais, cumhdófar plé an Chruinnithe Mullaigh faoin Euro le hoibleagáid na rúndachta gairmiúla, seachas má chomhaontaítear a mhalairt sa Chruinniú Mullaigh faoin Euro.

## 8. Rúnaíocht agus slándáil

1. Beidh Ardrúnaíocht na Comhairle, faoi údarás a Ardrúnaí, de chúnamh ag an gCruinniú Mullaigh faoin Euro agus ag a hUachtarán.

2. Freastalóidh Ardrúnaí na Comhairle ar na Cruinnithe Mullaigh faoin Euro agus déanfaidh sé gach beart is gá chun imeachtaí a eagrú.

3. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag rialacha slándála na Comhairle maidir leis an gCruinniú Mullaigh faoin Euro.

## 9. Leasú ar na rialacha

Ar thogra ó Uachtarán an Chruinnithe Mullaigh faoin Euro, féadfar na rialacha sin a leasú trí chomhréiteach. Féadfar an nós imeachta i scríbhinn a úsáid chun

na críche sin. Ba cheart na rialacha a oiriúnú go háirithe má cheanglaítear sin le teacht chun cinn rialachas an limistéir euro.

## 10. Comhfhreagras a chuirtear chuig an gCruinniú Mullaigh faoin Euro

Déanfar gach comhfhreagras a chuirtear chuig an gCruinniú Mullaigh faoin Euro a chur chuig a Uachtarán ag an seoladh seo a leanas:

Cruinniú Mullaigh faoin Euro
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

# RÁITEAS ÓN gCRUINNIÚ MULLAIGH FAOIN EURO AN 26 DEIREADH FÓMHAIR 2011

1. Le trí bliana anuas, rinneamar bearta nach ndearnadh riamh cheana chun dul i ngleic le héifeachtaí na géarchéime airgeadais domhanda, san Aontas Eorpach agus laistigh den limistéar euro araon. Sa straitéis atá curtha i bhfeidhm againn, cuimsítear iarrachtaí daingne chun an comhdhlúthú fioscach a chinntiú, cuimsítear tacaíocht do na tíortha atá i dtrioblóid agus neartú an rialachais sa limistéar euro, le gur doimhne an lánpháirtiú eacnamaíoch eadrainn agus chun clár oibre uaillmhianach fáis a leagan amach. Rinneamar roinnt cinntí móra ag an gcruinniú a bhí againn an 21 Iúil. Neartaíodh ár gcumas chun déileáil leis an ngéarchéim seo go mór nuair a dhaingnigh gach ceann de na 17 mBallstát sa limistéar euro na bearta a bhaineann leis an tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSF). Ba mhór an t-éacht é freisin an comhaontú idir na trí hinstitiúid ar phacáiste láidir reachtach laistigh de struchtúir an AE maidir le rialachas eacnamaíoch níos fearr. Le teacht an tSeimeastair Eorpaigh, tháinig athrú bunúsach ar an mbealach a ndéantar ár mbeartais fhioscacha agus eacnamaíocha a chomhordú ar an leibhéal Eorpach, a bhfuil comhordú i gceist leis anois ar leibhéal an AE roimh na cinntí náisiúnta a dhéanamh. Tá bunús fónta faoin euro i gcónaí.

2. Ní mór tuilleadh a dhéanamh chun muinín a athbhunú. Is mar gheall air sin atá sraith chuimsitheach de bhearta breise comhaontaithe againn inniu lena léirítear go bhfuilimid diongbháilte ar cibé ní is gá a dhéanamh chun deacrachtaí na huaire a shárú agus chun ár n-aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta a thabhairt chun críche. Tacóimid go hiomlán leis an BCE sna bearta atá á ndéanamh aige chun cobhsaíocht praghsanna a choimeád sa limistéar euro.

**Airgeadais phoiblí inbhuanaithe agus athchóirithe struchtúracha don fhás**

3. Ní mór don Aontas Eorpach feabhas a chur ar an bhfás agus ar an bhfostaíocht, mar a léirítear sa chlár oibre don fhás a comhaontaíodh ag an gComhairle Eorpach an 23 Deireadh Fómhair 2011. Táimid dírithe go huile agus go hiomlán ar na moltaí a bhaineann go sonrach le tíortha áirithe a rinneadh faoin chéad Seimeastar Eorpach a chur chun feidhme agus ar an gcaiteachas poiblí a dhíriú ar réimsí a dteastaíonn fás iontu.

4. Tá Ballstáit uile an limistéir euro go hiomlán diongbháilte leanúint leis an mbeartas atá acu don chomhdhlúthú fioscach agus leis an athchóiriú struchtúrach. Na Ballstáit sin a bhfuil brú orthu sna margaí fiachais cheannasaigh, caithfidh siad iarracht faoi leith a dhéanamh.

5. Fearaimid fáilte roimh na bearta tábhachtacha a ghlac an Spáinn chun a heasnamh buiséadach a laghdú, a hearnáil bhaincéireachta a athstruchtúrú agus margadh na dtáirgí agus margadh an tsaothair a athchóiriú, chomh maith le leasú bunreachtúil a ghlacadh maidir le buiséad comhardaithe. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfear coigeartú buiséadach chun feidhme go daingean, lena n-áirítear ar leibhéal réigiúnach, chun gealltanais an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a chomhlíonadh agus chun an creat fioscach a neartú trí reachtaíocht ar leibhéal níos ísle a dhéanamh chun an leasú bunreachtúil a chur i bhfeidhm ina iomláine. Ní mór tuilleadh a dhéanamh chun fás a mhéadú d'fhonn an t-ardleibhéal doghlactha dífhostaíochta a laghdú. I measc na ngníomhaíochtaí a theastaíonn chuige sin áirítear athruithe ar mhargadh an tsaothair a fheabhsú chun solúbthacht ar leibhéal na gcuideachtaí agus infhostaitheacht an lucht saothair a mhéadú chomh maith le hathchóiriú eile chun iomaíochas a fheabhsú, lena síneofaí go speisialta na hathchóirithe in earnáil na seirbhísí.

6. Fearaimid fáilte roimh phleananna na hIodáile maidir le hathchóirithe struchtúracha um fhás a fheabhsú agus maidir leis an straitéis i dtaca le comhdhlúthú fioscach, mar atá leagtha amach sa litir a cuireadh chuig Uachtaráin na Comhairle Eorpaí agus an Choimisiúin agus iarraimid ar an Iodáil amchlár uaillmhianach i ndáil leis na hathchóirithe sin a chur i láthair mar ábhar práinne. Molaimid tiomantas na hIodáile buiséad comhardaithe a bhaint amach faoi 2013 agus barrachas struchtúrach buiséid a bhaint amach in 2014, ina laghdófar ollfhiachas an rialtais go 113 % den OTI in 2014, chomh maith leis an riail maidir le buiséad comhardaithe a thuarfar a chur isteach sa bhunreacht faoi lár 2012.

Déanfaidh an Iodáil na hathchóirithe struchtúracha atá molta a chur chun feidhme chun iomaíochas a mhéadú tríd an rómhaorlathas a laghdú, trí na híostáillí a chur ar ceal i seirbhísí gairmiúla agus trí sheirbhísí áitiúla poiblí agus fóntais áitiúla phoiblí a léirscaoileadh tuilleadh. Tugaimid dár n-aire tiomantas na hIodáile athchóiriú a dhéanamh faoi dheireadh 2011 ar reachtaíocht an tsaothair agus go háirithe ar na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le dífhostú agus athbhreithniú a dhéanamh faoin dáta céanna ar an gcóras sochar dífhostaíochta

atá ilroinnte faoi láthair, agus na srianta buiséadacha á gcur san áireamh. Tugaimid dár n-aire an plean atá ann an t-aos scoir a ardú go 67 mbliana d'aois faoi 2026 agus molaimid go ndéanfar an próiseas a shainiú faoi dheireadh na bliana chun an cuspóir sin a bhaint amach.

Tacóimid leis an rún atá ag an Iodáil athbhreithniú a dhéanamh ar chláir na gcistí struchtúracha trí ath-thosaíochtaí a thabhairt do thionscadail agus trí dhíriú ar oideachas, ar an bhfostaíocht, ar an gclár oibre digiteach agus ar iarnróid/líonraí agus é mar aidhm aici feabhas a chur ar choinníollacha chun cur leis an bhfás agus dul i ngleic leis an deighilt idir réigiúin. Iarraimid ar an gCoimisiún measúnú mionsonraithe a chur ar fáil faoi na bearta agus faireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme, agus iarraimid ar údaráis na hIodáile an fhaisnéis uile a bheidh riachtanach don mheasúnú sin a chur ar fáil ar bhealach tráthúil.

**Tíortha faoi réir cláir choigeartaithe**

7. Ba mhaith linn a athdhearbhú go bhfuilimid diongbháilte leanúint de thacaíocht a thabhairt do na tíortha uile a bhfuil clár acu go dtí go mbeidh rochtain acu ar an margadh arís, ar choinníoll go gcuirfidh siad na cláir sin chun feidhme go hiomlán.

8. Maidir leis na tíortha a bhfuil clár acu, táimid sásta leis an dul chun cinn atá déanta ag Éirinn agus an clár coigeartaithe á chur chun feidhme ina iomláine aici, rud a bhfuil torthaí dearfacha ag teacht as. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ag an bPortaingéal lena clár féin freisin agus tá sí diongbháilte leanúint de bhearta a ghlacadh chun tacú leis an inbhuanaitheacht fhioscach agus chun feabhas a chur ar an iomaíochas. Iarraimid ar an dá thír coinneáil lena n-iarrachtaí agus cloí leis na spriocanna a comhaontaíodh agus bheith faoi réir chun aon bheart breise is gá a dhéanamh d'fhonn na spriocanna sin a bhaint amach.

9. Fearaimid fáilte roimh an gcinneadh a rinne an Grúpa Euro chun an 6ú tráinse de chlár tacaíochta an AE-CAI don Ghréig a íoc amach. Táimid ag tnúth go ndéanfar clár ilbhliantúil nua ón AE-CAI, a bheidh inbhuanaithe agus inchreidte, a thabhairt chun críche faoi dheireadh na bliana.

10. Ní mór na sásraí chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme chlár na Gréige a neartú, mar atá iarrtha ag rialtas na Gréige. Is leis na Gréagaigh an clár agus tá sé de fhreagracht ag údaráis na Gréige é a chur chun feidhme. Faoi

chuimsiú an chláir nua, bunóidh an Coimisiún, i gcomhar le comhpháirtithe eile na Triúrachta a chumas faireachán ar an láthair fad a mhairfidh an clár, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht saineolaithe náisiúnta, obair a dhéanamh i ndlúthchomhar le rialtas na Gréige agus leis an Triúracht ar bhealach leanúnach, comhairle a thabhairt agus cúnamh a thairiscint ionas go n-áiritheofar go gcuirfear na hathchóirithe chun feidhme ar bhonn tráthúil agus ina n-iomláine. Tacóidh sé leis an Triúracht féachaint an gcomhlíontar gealltanais an chláir leis na bearta a ghlac rialtas na Gréige. Leagfar síos an ról nua sin sa Mheabhrán Comhthuisceana. D'fhonn éascaíocht a dhéanamh ar úsáid éifeachtúil na n-iasachtaí toirtiúla oifigiúla chun bainc na Gréige a athchaipitliú, neartófar rialachas na Saoráide Heilléanaí um Chobhsaíocht Airgeadais (HFSF) trí chomhaontú le rialtas na Gréige agus leis an Triúracht.

11. Tacaímid go hiomlán leis an tascfhórsa um chabhair theicniúil a bhunaigh an Coimisiún.

12. Tá ról ríthábhachtach ag Rannpháirtíocht na hEarnála Príobháidí (PSI) inbhuanaitheacht fhiachas na Gréige a bhunú. Dá bhrí sin fearaimid fáilte roimh an idirphlé reatha idir an Ghréig agus a hinfheisteoirí príobháideacha chun teacht ar réiteach le haghaidh PSI níos forbartha. I dteannta le clár uaillmhianach athchóirithe do gheilleagar na Gréige, ba cheart don PSI cóimheas an fhiachais don OTI a laghdú go dtí 120 % a bhaint amach faoin mbliain 2020. Chun na críche sin, iarraimid ar an nGréig, ar infheisteoirí príobháideacha agus ar gach páirtí lena mbaineann malartú deonach bannaí a fhorbairt a bhfuil lascaine ainmniúil 50 % ag baint leis maidir le fiachas barúlach na Gréige a shealbhaíonn infheisteoirí príobháideacha. Déanfaidh Ballstáit an limistéir euro EUR 30 billiún a rannchuidiú do phacáiste PSI. Ar an mbonn sin, tá an earnáil oifigiúil réidh chun maoiniú breise clár suas go EUR 100 billiún a chur ar fáil go dtí 2014, lena n-áirítear athchaipitliú na mbanc Gréagach a bhfuil gá leis. Ba cheart go dtiocfaí ar chomhaontú faoin gclár nua faoi dheireadh 2011 agus ba cheart malartú na mbannaí a chur chun feidhme ag tús 2012. Iarraimid ar an CAI leanúint ar aghaidh le clár nua na Gréige a mhaoiniú.

13. Sreafaí airgeadais a thiocfaidh ó thionscadal Helios nó ó ioncam um phríobháidiú eile sa todhchaí thar na cinn a áirítear cheana sa chlár um choigeartú d'fhéichiúnas na Poblachta Heilléanaí, gabhann an Ghréig ar láimh iad a laghdú tuilleadh faoi suas go EUR 15 billiún agus é mar aidhm aici acmhainn iasachta an EFSF a athbhunú.

14. Cuirfear feabhsú creidmheasa ar fáil chun tacú le caighdeán comhthaobhachta ionas go bhféadfar leanúint dá húsáid chun go mbeidh rochtain ag bainc na Gréige ar oibríochtaí leachtachta Chóras an euro.

15. Ó thaobh ár gcur chuige ginearálta maidir le rannpháirtíocht na hearnála príobháidí sa limistéar euro, athdhearbhaímid an cinneadh a rinneamar an 21 Iúil 2011 go dteastaíonn réiteach eisceachtúil agus uathúil ón nGréig.

16. Athdheimhníonn na Ballstáit eile go léir atá sa limistéar euro an tiomantas daingean atá acu a síniú ceannasach aonair agus na gealltanais uile atá acu maidir le coinníollacha fioscacha inbhuanaithe agus athchóirithe struchtúracha a chomhlíonadh go hiomlán. Tacaíonn Ceannairí Stáit nó Rialtais an limistéir euro go hiomlán leis an tiomantas sin toisc gur eilimint chinntitheach í creidiúnacht a gcuid sínithe ceannasacha uile chun an chobhsaíocht airgeadais a áirithiú sa limistéar euro ina iomláine.

**Sásraí cobhsaíochta**

17. Tá an próiseas daingniúcháin don EFSF athbhreithnithe tugtha chun críche anois i mBallstáit uile an limistéir euro agus tháinig an Grúpa Euro ar chomhaontú maidir leis na treoirlínte cur chun feidhme d'idirghabhálacha príomha agus tánaisteacha sa mhargadh, do shocruithe réamhchúraim agus d'athchaipitliú na mbanc. Tá na cinntí a rinneamar maidir leis an EFSF an 21 Iúil i bhfeidhm go hiomlán anois mar sin. Bainfear leas as na huirlisí atá ar fáil ar bhealach éifeachtach chun cobhsaíocht airgeadais sa limistéar euro a áirithiú. Mar a luadh sna treoirlínte cur chun feidhme, beidh feidhm le coinníollacht dhian maidir leis na cláir (réamhchúraim) nua i gcomhréir le cleachtais an CAI. Déanfaidh an Coimisiún faireachas níos fearr ar na Ballstáit lena mbaineann agus tuairisceoidh sé don Ghrúpa Euro go rialta.

18. Aontaímid go n-úsáidfear inniúlacht an EFSF sínithe d'fhonn an leas is mó is féidir an bhaint as na hacmhainní a bheidh ar fáil sa chreat seo a leanas:

— is é an cuspóir go dtacófar le rochtain ar an margadh do Bhallstáit an limistéir euro a bhfuil brú margaidh orthu agus go n-áiritheofar feidhmiú ceart mhargadh fiachais cheannasaigh an limistéir euro, agus seasamh ard creidmheasa an EFSF á chaomhnú ina iomláine. Tá gá leis na bearta sin chun

cobhsaíocht airgeadais a áirithiú agus chun imfhálú leordhóthanach a chur ar fáil chun an éifeacht ghabhála a chomhrac;

— déanfar é sin gan na ráthaíochtaí atá mar bhonn ag an áis a shíneadh agus laistigh de rialacha an Chonartha agus laistigh de théarmaí agus de choinníollacha chomhaontú an chreata reatha, ag feidhmiú faoi chuimsiú na n-ionstraimí ar thángthas ar chomhaontú orthu, lena ngabhann coinníollacht iomchuí agus faireachas iomchuí.

19. Aontaímid ar dhá bhunrogha chun an tairbhe is mó is féidir a bhaint as acmhainní an EFSF:

— feabhsú creidmheasa a chur ar fáil d'fhiachas nua a eiseoidh Ballstáit, lena laghdófar an costas maoinithe. Thairgfí d'infheisteoirí príobháideacha an riosca árachais sin a cheannach mar rogha agus bannaí sa bhunmhargadh á gceannach;

— an leas is fearr is féidir a bhaint as socruithe cistíochta an EFSF le meascán acmhainní ó institiúidí príobháideacha agus poiblí airgeadais agus ó infheisteoirí, rud a d'fhéadfaí a eagrú trí aonáin shainchuspóireacha. Leis sin, méadófar líon na n-acmhainní a bheidh ar fáil chun iasachtaí a shíneadh, chun na bainc a athchaipitliú agus chun bannaí a cheannach sna bunmhargaí agus sna margaí tánaisteacha.

20. Beidh solúbthacht ag an EFSF chun úsáid a bhaint as an dá rogha sin ag an am céanna, agus an úsáid a bhainfear astu ag brath ar an sainchuspóir a bheidh i gceist agus ar chúinsí margaidh. Beidh an éifeacht ghiarála maidir le gach rogha éagsúil, ag brath ar na gnéithe sonracha a bhaineann leo agus ar na dálaí margaidh, ach d'fhéadfadh go mbeadh suas go ceithre nó cúig cinn i gceist.

21. Iarraimid ar an nGrúpa Euro na téarmaí agus na coinníollacha a thabhairt chun críche lena gcuirfí na rialacha mionsonraithe sin chun feidhme i mí na Samhna, i bhfoirm treoirlínte agus i gcomhréir leis na dréacht-téarmaí agus na dréacht-choinníollacha a d'ullmhaigh an EFSF.

22. Ina theannta sin, féadfar tuilleadh feabhsaithe ar acmhainní an EFSF a bhaint amach trí chomhar níos dlúithe leis an CAI. Oibreoidh an Grúpa Euro, an Coimisiún agus an EFSF ar gach rogha is féidir.

## An córas baincéireachta

23. Fáiltímid roimh an gcomhaontú ar tháinig comhaltaí na Comhairle Eorpaí air inniu maidir le hathchaipitliú na mbanc agus le maoiniú (féach Iarscríbhinn 2).

## Comhordú agus faireachas eacnamaíoch agus fioscach

24. Leis an bpacáiste reachtach maidir le rialachas eacnamaíoch, déantar an comhordú agus an faireachas a dhéantar ar bheartais eacnamaíocha agus fioscacha a neartú. Déanfar é a chur chun feidhme go daingean mar chuid den Seimeastar Eorpach tar éis dó teacht i bhfeidhm i mí Eanáir 2012. Iarraimid go ndéanfaidh an Coimisiún agus an Chomhairle dianfhaireachas, lena n-áirítear piarbhrú, agus go mbainfear úsáid ghníomhach as na hionstraimí atá ar fáil cheana agus as na hionstraimí nua. Meabhraímid na gealltanais a thugamar faoi chuimsiú an Chomhshocraithe Euro Plus.

25. Bíonn impleachtaí forleathana i gceist do thír mar chuid d'aontas airgeadaíochta, agus éilítear comhordú agus faireachas níos dlúithe chun cobhsaíocht agus inbhuanaitheacht an limistéir ina iomláine a áirithiú. Léirítear leis an ngéarchéim ina bhfuilimid faoi láthair nach mór dul i ngleic leis sin ar bhealach a bheidh i bhfad níos éifeachtaí. Mar sin, agus ár n-uirlisí chun déileáil leis an ngéarchéim á neartú againn laistigh den limistéar euro, déanfaimid tuilleadh dul chun cinn i ndáil le beartais eacnamaíocha agus fioscacha a chomhtháthú trí chomhordú, faireachas agus smacht a threisiú. Déanfaimid beartais riachtanacha a fhorbairt chun tacú le feidhmiú an limistéir airgeadra aonair.

26. Go sonrach, ag tógáil ar an bpacáiste reachtach a glacadh, ar an Seimeastar Eorpach agus ar an gComhshocrú Euro Plus, tugaimid gealltanas go gcuirfear na bearta breise seo a leanas chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta:

(a) go nglacfaidh gach Ballstát sa limistéar euro rialacha maidir le buiséad comhardaithe i dtéarmaí struchtúracha lena ndéanfar reachtaíocht náisiúnta den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis, ar an leibhéal bunreachtúil nó ar leibhéal coibhéiseach más féidir, faoi dheireadh 2012;

(b) go neartófar na creataí fioscacha náisiúnta ar bhonn níos leithne ná mar a dhéantar leis an Treoir maidir leis na ceanglais do chreataí buiséadacha na mBallstát. Go háirithe, ba cheart go ndéanfaí na buiséid náisiúnta a bhunú ar réamhaisnéis neamhspleácha maidir leis an bhfás;

(c) go n-iarrfar ar na parlaimintí náisiúnta go gcuirfear san áireamh na moltaí a glacadh ar leibhéal an AE maidir le beartais eacnamaíocha agus bhuiséadacha a sheoladh;
(d) go rachfar i gcomhairle leis an gCoimisiún agus le Ballstáit eile an limistéir euro sula nglacfar aon phleananna maidir le hathchóiriú ar an mbeartas fioscach nó eacnamaíoch a bhféadfadh iarmhairtí a bheith acu, ionas go mbeidh deis ann measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar an limistéar euro ina iomláine;
(e) gealltanas cloí leis na moltaí ón gCoimisiún agus ón gCoimisinéir ábhartha maidir le cur chun feidhme an Chomhshocraíochta Cobhsaíochta agus Fáis.

27. Aontaímid chomh maith nach mór dlúthfhaireachán a dhéanamh chomh maith le tuilleadh forfheidhmithe a bheidh ar aon dul leis an méid seo a leanas:
(a) i gcás Bhallstáit an limistéir euro a bhfuil nós imeachta um fhiachas iomarcach acu, féadfaidh an Coimisiún agus an Chomhairle na dréachtbhuiséid náisiúnta a scrúdú agus féadfaidh siad tuairim a ghlacadh maidir leo sula nglacfaidh na parlaimintí náisiúnta ábhartha iad. Ina theannta sin, déanfaidh an Coimisiún faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bhuiséid agus, más gá, leasuithe a mholadh le linn na bliana;
(b) má bhaineann laghduithe le clár coigeartaithe, cuirfear i bhfeidhm faireachán agus comhordú níos dlúithe ar chur chun feidhme an chláir.

28. Táimid ag súil leis an togra maidir le faireachán níos dlúithe a chuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaiminte na hEorpa gan mhoill i gcomhréir le hAirteagal 136 CFAE. Sa chomhthéacs sin, fáiltímid roimh an rún atá ag an gCoimisiún ról an Choimisinéara inniúil a neartú sa Choimisiún, d'fhonn faireachán níos dlúithe a dhéanamh agus ar mhaithe le forfheidhmiú breise.

29. Neartóimid tuilleadh colún eacnamaíoch an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus déanfaimid beartais mhaicreacnamaíocha agus mhicreacnamaíocha a chomhordú ar bhealach níos fearr. Ag tógáil ar an gComhshocrú Euro Plus, cuirfimid feabhas ar an iomaíochas, agus éireoidh linn, ar an gcaoi sin, beartais a chóineasú tuilleadh chun fás agus fostaíocht a chur chun cinn. Caithfear comhordú pragmatach a dhéanamh ar bheartais chánach sa limistéar euro má táthar le comhordú níos láidre a dhéanamh ar bheartais eacnamaíocha chun tacú leis an gcomhdhlúthú fioscach agus leis an bhfás

eacnamaíoch. Tá obair reachtach á dhéanamh i gcónaí ar thograí ón gCoimisiún le haghaidh Chomhbhoinn Chomhdhlúite don Cháin Chorparáideach agus le haghaidh Cánach ar Idirbhearta Airgeadais.

**Struchtúr rialachais an limistéir euro**

30. D'fhonn dul i ngleic leis na dúshláin atá os ár gcomhair amach ar bhealach níos éifeachtaí agus lánpháirtiú níos dlúithe a áirithiú, neartófar an struchtúr rialachais don limistéar euro agus déanfar sláine an Aontais Eorpaigh ina iomláine a chaomhnú.

31. Tiocfaimid le chéile go rialta, mar sin — dhá uair in aghaidh na bliana ar a laghad — ar ár leibhéal, ag Cruinnithe Mullaigh faoin Euro, chun treoshuímh straitéiseacha a sholáthar maidir leis na beartais eacnamaíocha agus fhioscacha sa limistéar euro. Cuirfear ar ár gcumas sa chaoi sin gné an limistéir euro a chur san áireamh ar bhealach níos fearr inár mbeartais intíre.

32. Beidh an Grúpa Euro mar aon leis an gCoimisiún agus an BCE i gcónaí ag feidhmiú i gcroílár bhainistiú laethúil an limistéir euro. Beidh ról lárnach aige agus an Seimeastar Eorpach á chur chun feidhme ag Ballstáit an limistéir euro. Beidh sé ag brath ar struchtúr ullmhúcháin níos láidre.

33. Léirítear socruithe níos mionsonraithe in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bpáipéar seo.

**Tuilleadh lánpháirtithe**

34. Is dlúthchuid d'ár dtionscnamh Eorpach é an euro. Treiseoimid an t-aontas eacnamaíoch agus cuirfimid i gcomhréir leis an aontas airgeadaíochta é.

35. Iarraimid ar Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar le hUachtarán an Choimisiúin agus le hUachtarán an Ghrúpa Euro, féachaint an bhféadfaí céimeanna a shainaithint chun na críche sin. Beifear ag díriú ar an mbealach ina bhféadfar cóineasú eacnamaíoch a neartú tuilleadh laistigh den limistéar euro, ar feabhas a chur ar an smacht fioscach agus ar an aontas eacnamaíoch a threisiú, chomh maith le féachaint an bhféadfar athruithe teoranta a dhéanamh ar an gConradh. Tíolacfar tuarascáil eatramhach i mí na Nollag 2011 d'fhonn na chéad

treoshuímh a chomhaontú. Áireofar uirthi treochlár maidir leis an mbealach ina bhféadfar dul chun tosaigh agus sainchumais na n-institiúidí á n-urramú ina n-iomláine. Tabharfar tuarascáil chun críche faoi Mhárta 2012 faoin mbealach ina bhféadfar na bearta sin ar thángthas ar chomhaontú orthu a chur chun feidhme.

*Iarscríbhinn 1*

**Deich mbeart chun rialachas an limistéir euro a fheabhsú**

Is gá an comhordú agus an faireachán a dhéantar ar an mbeartas eacnamaíoch sa limistéar euro a neartú chun éifeachtacht na cinnteoireachta a fheabhsú agus chun cumarsáid níos comhleanúnaí a áirithiú. Chuige sin, déanfar an 10 mbeart seo a leanas, agus sláine an AE ina iomláine á hurramú go hiomlán ag an am céanna:

1. Beidh Cruinnithe Mullaigh faoin Euro ann go tráthrialta ina dtiocfaidh Ceannairí Stáit nó Rialtais (CSR) an limistéir euro agus Uachtarán an Choimisiúin le chéile. Beidh na cruinnithe sin ar siúl ar a laghad dhá uair sa bhliain, ag príomhphointí ama den timthriall bliantúil rialachais eacnamaíoch; cuirfear ar siúl iad tar éis chruinnithe na Comhairle Eorpaí más féidir. Féadfaidh Uachtarán an Chruinnithe Mullaigh faoin Euro cruinnithe breise a thionól más gá. Sna Cruinnithe Mullaigh faoin Euro, saineofar treoshuímh straitéiseacha chun beartais eacnamaíocha a sheoladh agus chun go gcuirfear feabhas ar an iomaíochas agus go gcuirfear le cóineasú sa limistéar euro. Áiritheoidh Uachtarán an Chruinnithe Mullaigh faoin Euro an t-ullmhúchán don Chruinniú Mullaigh faoin Euro, i ndlúthchomhar le hUachtarán an Choimisiúin.

2. Ainmneoidh CSR an limistéir euro Uachtarán an Chruinnithe Mullaigh faoin Euro ag an am céanna a thoghfar an tUachtarán ar an gComhairle Eorpach agus beidh an téarma céanna oifige i gceist. Go dtí go mbeidh an chéad toghchán eile den sórt sin ann, is é Uachtarán reatha na Comhairle Eorpaí a bheidh ina chathaoirleach ar na Cruinnithe Mullaigh faoin Euro.

3. Déanfaidh Uachtarán an Chruinnithe Mullaigh faoin Euro na Ballstáit sin nach bhfuil sa limistéar euro a choimeád ar an eolas faoi ullmhú agus faoi thoradh na gCruinnithe Mullaigh. Cuirfidh an tUachtarán toradh na gCruinnithe Mullaigh faoin Euro in iúl do Pharlaimint na hEorpa freisin.

4. Mar atá faoi láthair, áiritheoidh an Grúpa Euro go mbeidh comhordú níos dlúithe i gcónaí ar na beartais eacnamaíocha agus go gcuirfear an chobhsaíocht airgeadais chun cinn. Cé go n-urramaíonn sé cumhachtaí institiúidí an AE maidir leis sin, cuireann sé faireachán neartaithe ar bheartais eacnamaíocha agus fhioscacha na mBallstát chun cinn a mhéid a bhaineann leis an limistéar euro. Ullmhóidh sé na Cruinnithe Mullaigh faoin Euro agus áiritheoidh sé go ndéanfar bearta leantacha ina ndiaidh.

5. Toghtar Uachtarán an Ghrúpa Euro i gcomhréir le Prótacal Uimh. 14 atá i gceangal leis na Conarthaí. Is tar éis do shainordú an Uachtaráin reatha dul in éag a chinnfear ar cheart Uachtarán an Ghrúpa Euro a thoghadh as measc chomhaltaí an Ghrúpa Euro nó ar cheart é nó í a bheith ina (h)Uachtarán lánaimseartha a bheidh bunaithe sa Bhruiséil. Rachfar i gcomhairle le hUachtarán an Chruinnithe Mullaigh faoin Euro maidir le plean oibre an Ghrúpa Euro agus féadfaidh sé a iarraidh ar Uachtarán an Ghrúpa Euro cruinniú de chuid an Ghrúpa Euro a chomóradh, go sonrach chun Cruinnithe Mullaigh faoin Euro a ullmhú nó chun bearta a dhéanamh a bheidh ag eascairt as treoshuímh an Ghrúpa Euro. Bunófar línte soiléire freagrachta agus tuairiscithe idir an Cruinniú Mullaigh faoin Euro, an Grúpa Euro agus na comhlachtaí ullmhúcháin.

6. Tiocfaidh Uachtarán an Chruinnithe Mullaigh faoin Euro le chéile go tráthrialta, ar a laghad uair sa mhí, le hUachtarán an Choimisiúin agus le hUachtarán an Ghrúpa Euro. Féadfar a iarraidh ar Uachtarán an BCE a bheith i láthair. Féadfar a iarraidh, ar bhonn *ad hoc*, ar Uachtarán na ngníomhaireachtaí maoirseachta agus ar Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin an EFSF/Stiúrthóir Bainistíochta an SCE a bheith i láthair ag na cruinnithe freisin.

7. Is í Meitheal an Ghrúpa Euro (MGE) i gcónaí a dhéanfaidh an obair ar an leibhéal ullmhúcháin, agus leas á bhaint as an saineolas a bheidh á chur ar fáil go príomha ag an gCoimisiún. Is í an MGE freisin a ullmhaíonn cruinnithe an Ghrúpa Euro. Ba cheart go mbainfeadh sé tairbhe as fo-ghrúpa níos buaine ina mbeidh malartaigh/oifigigh a dhéanfaidh ionadaíocht ar na hAirí Airgeadais, a bheidh ag teacht le chéile níos minice agus ag obair faoi udarás Uachtarán an MGE.

8. Is Uachtarán lánaimseartha a bheidh bunaithe sa Bhruiséil a bheidh mar chathaoirleach ar an MGE. I bprionsabal, toghfar é/í tráth a dtoghfar cathaoirleach an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais.

9. Neartófar na struchtúir riaracháin (i.e. Ardrúnaíocht na Comhairle agus Ardrúnaíocht an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais (i.e. Ardrúnaíocht an EFC)) atá ann cheana agus comhoibreoidh siad ar bhealach dea-chomhordaithe chun tacaíocht leordhóthanach a chur ar fáil d'Uachtarán an Chruinnithe Mullaigh faoin Euro agus d'Uachtarán an Ghrúpa Euro, faoi threoir Uachtarán an EFC/an MGE. Bainfear leas as saineolas seachtrach de réir mar is iomchuí, ar bhonn *ad hoc*.

10. Bunófar rialacha agus sásraí soiléire chun cur leis an gcumarsáid agus chun teachtaireachtaí níos comhleanúnaí a áirithiú. Beidh freagracht ar leith ar Uachtarán an Chruinnithe Mullaigh faoin Euro agus ar Uachtarán an Ghrúpa Euro ina leith sin. Beidh Uachtarán an Chruinnithe Mullaigh faoin Euro in éineacht le hUachtarán an Choimisiúin freagrach as cinntí an Chruinnithe Mullaigh faoin Euro a fhógairt agus beidh Uachtarán an Ghrúpa Euro in éineacht le Coimisinéir ECFIN freagrach as cinntí an Ghrúpa Euro a fhógairt.

*Iarscríbhinn 2*

## Comhthuiscint maidir leis an bpacáiste i leith na baincéireachta

1. Tá géarghá le bearta chun an mhuinín a athbhunú san earnáil bhaincéireachta (an pacáiste i leith na baincéireachta) agus tá siad riachtanach ó thaobh feabhas a chur ar rialú stuamachta na hearnála baincéireachta. Ba cheart go dtabharfadh na bearta sin aghaidh ar na nithe seo a leanas:

(a) An gá atá ann le maoiniú meántéarmach na mbanc a áirithiú d'fhonn géarchor creidmheasa a sheachaint agus d'fhonn sreabhadh an chreidmheasa chuig an bhfíorgheilleagar a chosaint, agus chun na bearta i ndáil leis sin a chomhordú.

(b) An gá atá ann le feabhas a chur ar chaipitil na mbanc ó thaobh cáilíochta agus cainníochta de, le go mbeidh siad in ann an fód a sheasamh i gcoinne an tsuaite, agus an gá atá ann leis an bhfeabhas sin a thaispeáint ar bhealach iontaofa agus comhchuibhithe.

**Maoiniú téarmach**

2. Na ráthaíochtaí ar dhliteanais na mbanc, bheadh orthu breis tacaíochta dírí a thabhairt do na bainc chun rochtain a fháil ar mhaoiniú téarmach (agus maoiniú gearrthéarmach ar fáil ón BCE agus ó bhainc ábhartha náisiúnta), i gcás inarb iomchuí. Is cuid ríthábhachtach é sin freisin den straitéis chun gníomhartha díghiarála a theorannú.

3. Dá ndéanfaí aithris ar an méid a rinneadh in 2008, nuair a bhí lánrogha náisiúnta ann chun scéimeanna leachtachta a bhunú, is é is dóchúla nach dtiocfadh réiteach sásúil as inniu faoi chuimsí reatha an mhargaidh. Dá bharr sin, tá géarghá le cur chuige fíorchomhordaithe ar leibhéal an AE maidir le critéir iontrála, le praghsáil agus le coinníollacha. Ba cheart don Choimisiún féachaint, i gcomhar leis an ÚEB, BEI, agus BCE, céard iad na bealaí chun an chuspóir sin a bhaint amach agus tuarascáil a chur chuig an EFC ina leith.

**Caipitliú na mbanc**

4. An sprioc-chaipitil: Aontaítear go forleathan gur gá cóimheas caipitil níos airde, arb ionann é agus 9 % den scothchaipitil, i ndiaidh na cuntasaíochta ar luacháil an mhargaidh ar nochtadh an fhiachais cheannasaigh, an dá cheann acu sin ón 30 Meán Fómhair 2011, chun maolán sealadach a chruthú a dhlitear leis na cúinsí eisceachtúla. Caithfear an sprioc-chaipitil cainníochtúil sin a bhaint amach faoin 30 Meitheamh 2012, bunaithe ar phleananna a bheidh comhaontaithe leis na maoirseoirí náisiúnta agus comhordaithe ag an ÚEB. Ní bheadh aon tionchar ag an luacháil stuamachta sin ar rialacha ábhartha an tuairiscithe airgeadais. Caithfidh na húdaráis náisiúnta mhaoirseachta, faoi choimirce an ÚEB, a áirithiú nach mbeidh an iomarca díghiarála ann de thoradh phleananna na mbanc chun a gcaipiteal a neartú, lena n-áirítear sreabhadh an chreidmheasa chuig an bhfíorgheilleagar a choinneáil sa siúl agus leibhéil reatha nochtadh an ghrúpa a chur san áireamh, agus a bhfochuideachtaí uile sna Ballstáit, iad eolach gur gá gan brú míthráthúil a chur ar shíneadh an chreidmheasa sna tíortha aíochta ná ar mhargaí an fhiachais cheannasaigh.

5. Maoiniú mhéadú an chaipitil: Ba cheart do na bainc foinsí príobháideacha caipitil a úsáid i dtús, lena n-áirítear tríd an athstruchtúrú agus tríd an fiachas a thiontú ina ionstraimí gnáthscaireanna. Ba cheart go mbeadh na bainc faoi réir srianta ó thaobh dháileadh na ndíbhinní de agus ó thaobh íocaíochtaí bónais go dtí go mbeadh an sprioc bainte amach. Más gá, ba cheart do na rialtais náisiúnta tacaíocht a thabhairt, agus murab ann don tacaíocht sin, ba cheart an t-athchaipitliú a mhaoiniú trí iasacht ón EFSF i gcás tíortha sa limistéar euro.

**Státchabhair**

6. Aon chineál tacaíochta poiblí, bíodh sí ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an AE, beidh sí faoi réir choinníollacht chreat reatha na státchabhrach géarchéime, ar shonraigh an Coimisiún ina thaobh go gcuirfear i bhfeidhm é leis an gcomhréireacht is gá i bhfianaise chineál sistéamach na géarchéime.

# COMHAIRLE EORPACH AN 18-19 DEIREADH FÓMHAIR 2012 CONCLÚIDÍ

*D'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach inniu go bhfuil rún daingean aici tabhairt faoi ghníomhaíochtaí diongbháilte chun aghaidh a thabhairt ar an teannas sa mhargadh airgeadais, chun muinín a athchruthú agus an fás agus poist a spreagadh.*

*Rinne sí dlúth-athbhreithniú ar chur chun feidhme an Chomhshocraithe le haghaidh Fáis agus Post. Chuir sí i bhfios gur díol sásaimh di an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo, ach d'iarr sí go rachfaí i mbun gníomhaíochta, a bheadh dírithe ar thorthaí, go pras agus go cinntitheach, d'fhonn a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go hiomlán agus go gasta é.*

*Tar éis an tuarascáil eatramhach maidir leis an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA) a thíolacadh, d'iarr an Chomhairle Eorpach go leanfaí ar aghaidh leis an obair i dtaobh na dtograí maidir leis an Sásra Aonair Maoirseachta mar ábhar tosaíochta agus é mar chuspóir teacht ar chomhaontú maidir leis an gcreat reachtach faoin 1ú Eanáir 2013 agus tháinig sí ar chomhaontú maidir le roinnt treoraíochtaí chun na críche sin. Thug sí dá haire freisin saincheisteanna a bhaineann leis an gcreat comhtháite buiséadach agus leis an gcreat comhtháite beartais eacnamaíoch agus le dlisteanacht agus cuntasacht dhaonlathach ar cheart tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ina leith. Chomhaontaigh sí gur cheart tógáil ar chreat institiúideach agus dlíthiúil an AE leis an bpróiseas i dtreo aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta níos doimhne agus gur cheart go mbeadh oscailteacht agus trédhearcacht i leith na mBallstát sin nach bhfuil sa limistéar euro mar aon le hurraim do shláine an Mhargaidh Aonair mar shaintréithe den phróiseas sin. Bhí an Chomhairle Eorpach ag tnúth le treochlár beacht, faoi cheangal ama a thíolacfar ag an gcruinniú a bheidh aici i mí na Nollag 2012, chun dul ar aghaidh leis na bloic bhunriachtanacha thógála uile ar cheart fíorAEA a bheith bunaithe orthu.*

*Phléigh an Chomhairle Eorpach caidreamh le comhpháirtithe straitéiseacha an AE agus ghlac sí conclúidí maidir leis an tSiria, leis an Iaráin agus le Mailí.*

## I. AN BEARTAS EACNAMAÍOCH

1. Beidh ar an ngeilleagar Eorpach dul i ngleic le dúshláin nach beag. Is den ríthábhacht é don Aontas Eorpach mar sin gach iarracht a dhéanamh go pras chun na bearta a comhaontaíodh le roinnt míonna anuas a chur chun feidhme chun an fás, an infheistíocht agus an fhostaíocht a chothú arís, chun an mhuinín a athshlánú agus chun cur le hiomaíochas na hEorpa mar áit don táirgeadh agus don infheistíocht.

**An Comhshocrú le haghaidh Fáis agus Post**

2. Tá rún daingean ag an gComhairle i gcónaí an fás agus poist a spreagadh, faoi chuimisú Straitéis Eoraip 2020. An Comhshocrú le haghaidh Fáis agus Post, a comhaontaíodh i mí an Mheithimh seo caite, is é an creat comhtháite é le haghaidh gníomhaíochta ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an euro agus ar leibhéal an AE, lena mbaintear leas as gach luamhán, gach uirlis agus gach beartas. Caithfear na gealltanais uile atá leagtha amach leis a chomhlíonadh go hiomlán agus go pras. Tá dul chun cinn suntasach déanta cheana féin, mar a léirítear sa litir ó Uachtarán na Comhairle Eorpaí an 8 Deireadh Fómhair 2012 agus sna tuarascálacha a thíolaic an Uachtaránacht agus an Coimisiún. Mar sin féin, tá gá le hiarrachtaí níos fearr i réimsí áirithe, mar a leagtar amach thíos.

(a) Infheistiú san fhás: tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh chun pacáiste maoiniúcháin EUR 120 billiún an Chomhshocraithe a chur chun feidhme. Tuartar go háirithe go nglacfaidh an BEI, sna seachtainí atá romhainn amach, a mhéadú caipitil de EUR 10 billiún arb é is aidhm dó sin a bhunús caipitil a neartú mar aon lena acmhainneacht iasachtaithe a mhéadú EUR 60 billiún. Ba cheart, mar sin, go n-eascródh infheistíocht bhreise suas go EUR 180 billiún as sin thar thréimhse trí bliana amach anseo. Tá obair faoi lán seoil chun a áirithiú go mbainfear leas as buiséad EUR 55 bhilliún na gCistí Struchtúracha go gasta agus go héifeachtúil; leanfaidh an Coimisiún de bheith ag cabhrú leis na Ballstáit Cistí Struchtúracha a athchlárú chun go ndíreofar níos fearr ar an bhfás agus ar phoist leo. Ba cheart aird chuí a thabhairt ar an méid sin chun rochtain chóir ar mhaoiniú a áirithiú do na Ballstáit go léir. Tá céim phíolótach na mBannaí Tionscadal á cur chun feidhme agus EUR 100 milliún údaraithe cheana féin agus táthar chun leas a bhaint go luath an bhliain seo chugainn as an EUR 130 milliún atá

fágtha, ar cheart go dtiocfaidh infheistíochtaí suas go EUR 4.5 billiún as sa chéim phíolótach. Beidh cruinniú speisialta ag an gComhairle Eorpach i mí na Samhna chun teacht ar chomhaontú faoin gcéad Chreat Ilbhliantúil Airgeadais eile agus, ar an gcaoi sin, áiritheoidh sí go nglacfar faoi dheireadh na bliana é. Ag meabhrú di an gá atá ann iarracht a dhéanamh comhdhlúthú buiséadach difreáilte lena gcuirfear leis an bhfás a bhaint amach, tá an Chomhairle Eorpach ag tnúth leis an tuarascáil ón gCoimisiún maidir le caighdeán an chaiteachais phoiblí agus le féachaint an bhféadfaí gníomhú faoi chuimsiú theorainneacha creataí náisiúnta buiséadach an AE agus creataí buiséadacha náisiúnta.

(b) An Margadh Aonair a Dhoimhniú: tá dul chun cinn déanta i leith an Ghnímh um an Margadh Aonair I, ach tá gá le níos mó iarrachtaí chun an obair ar na tograí nach bhfuil glactha a thabhairt chun críche lena n-áirítear maidir le cuntasaíocht, cáilíochtaí gairmiúla, soláthar poiblí agus cistí caipitil fiontair. Sa teachtaireacht nua ón gCoimisiún maidir le Gníomh um an Margadh Aonair II, leagtar amach 12 phríomhghníomhaíocht bhreise lenar cheart go gcuirfí go mór leis an bhfás, leis an bhfostaíocht agus leis an gcomhtháthú sóisialta san Eoraip. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach é go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún gach príomhthogra maidir le Gníomh um an Margadh Aonair II a thíolacadh faoi earrach na bliana 2013 agus iarrann sí go scrúdófar iad go pras chun go mbeifear in ann iad a ghlacadh faoi dheireadh an timthrialla reatha pharlaimintigh ar a dhéanaí. Tá sé tábhachtach freisin gníomhú ar bhonn práinneach i gcomhréir leis na teachtaireachtaí ón gCoimisiún maidir leis an Treoir um Sheirbhísí a chur chun feidhme agus le rialachas an Mhargaidh Aonair.

(c) An Eoraip a Chónascadh: is éard a bheidh sa tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, a bheidh ann amach anseo, ionstraim thábhachtach chun an fás a chur chun cinn trí infheistiú san iompar, san fhuinneamh agus i naisc TFC. I réimse an iompair, tá sé ríthábhachtach go gcuirfí deireadh le bacainní rialála agus go rachfaí i ngleic le scrogaill agus le naisc thrasteorann atá in easnamh d’fhonn oibríocht éifeachtúil an Mhargaidh Aonair a áirithiú agus an t-iomaíochas agus an fás a chur chun cinn. Is réamhriachtanais freisin iad teicneolaíochtaí digiteacha agus bonneagair dhigiteacha. Ag meabhrú di gur gá an margadh inmheánach fuinnimh a thabhairt chun críche go hiomlán faoi 2014 i gcomhréir leis na sprioclínte a comhaontaíodh agus

gur gá a áirithiú nach mbeidh Ballstát ar bith gan rochtain ar líonraí gáis agus leictreachais na hEorpa tar éis 2015, iarrann an Chomhairle Eorpach go dtiocfar ar chomhaontú go sciobtha faoin togra maidir leis na gréasáin thras-Eorpacha fuinnimh agus tá sí ag tnúth leis an teachtaireacht agus leis an bPlean Gníomhaíochta atá le teacht ón gCoimisiún chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann.

(d) Margadh Aonair Digiteach a fheidhmíonn go hiomlán a bhaint amach faoi 2015: d'fhéadfaí fás breise 4 % a ghiniúint leis sin sa tréimhse go dtí 2020. Iarrann an Chomhairle Eorpach, dá bhrí sin, go gcuirfear dlús leis an obair ar na tograí maidir le r-shíniú agus maidir le comhchearta a bhainistiú agus tá sí ag tnúth leis na tograí atá le teacht chun an costas ar leathanbhanda ardluais a bheith á úsáid a laghdú agus go gcuirfear dlús leis na tograí maidir le r-shonrascú. Ba cheart an t-athbhreithniú lárthéarma atá ar na bacáin ar an gClár Oibre Digiteach a úsáid chun réimsí a shainaithint ar gá níos mó oibre a dhéanamh ina leith. Tá sé riachtanach go ndéanfar córas cóipchirt na hEorpa a nuachóiriú chun rochtain ar ábhar a éascú agus ag an am céanna go seasfaí le cearta maoine intleachtúla agus go spreagfaí cruthaitheacht agus éagsúlacht chultúrtha.

(e) An taighde agus an nuáil a chur chun cinn: tá sé tábhachtach go n-aistreofaí taighde agus nuálaíocht go gnóthachain iomaíocha. Iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí dul chun cinn gasta maidir leis na cláir nua atá á mbeartú don taighde agus don nuáil (Fís 2020) agus d'iomaíochas na bhfiontar agus na FBManna (COSME), agus béim á leagan aici ar an tábhacht a bhaineann le sármhaitheas i mbeartais taighde agus nuálaíochta an AE agus rochtain leathan á háirithiú do rannpháirtithe sna Ballstáit uile ag an am céanna. Athdhearbhaíonn sí gur gá bailchríoch a chur ar an Limistéar Eorpach Taighde faoi dheireadh 2014 agus cuireann sí i bhfáth a thábhachtaí atá cur chuige comhtháite i leith eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin.

(f) Iomaíochas tionscail a fheabhsú: sa teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le beartas nua tionsclaíoch de chuid an AE, cuirtear i bhfáth a thábhachtaí atá sé cur chuige comhtháite a fhorbairt chun cur leis an iomaíochas tionsclaíoch chun bonn a chur faoin bhfás agus faoi phoist, agus feabhas á chur ar fhuinneamh agus ar éifeachtúlacht acmhainní ag an am céanna. Tá sé ríthábhachtach go leanfaidh tionscail Eorpacha de threoir a thabhairt ó

thaobh na teicneolaíochta de agus go ndéanfaidh siad forbairt ar an méid sin, agus go n-éascófar, sna céimeanna tosaigh, infheistíocht i dteicneolaíochtaí lárnacha nua agus i ngníomhaíochtaí atá gar don mhargadh.

(g) An creat rialála ceart a chruthú don fhás: tá sé thar a bheith tábhachtach go laghdófaí an t-ualach foriomlán rialála ar leibhéal an AE agus ar an leibhéal náisiúnta agus aird shonrach á tabhairt ar FBManna agus ar mhicri-fhiontair, lena n-áirítear tríd an rochtain atá acu ar mhaoiniú a éascú. Tá an Chomhairle Eorpach ag tnúth leis an teachtaireacht ón gCoimisiún a eiseofar, de réir mar a thuartar, i mí na Nollag, ar teachtaireacht í ina ndéanfar an dul chun cinn atá déanta a bhreithniú agus ina léireofar tuilleadh gníomhaíochta a bheidh le déanamh faoi dheireadh an timthrialla reatha pharlaimintigh ar a dhéanaí, lena n-áirítear na bearta leantacha a dhéanfar i leith na 10 bpríomhchinn de phíosaí reachtaíochta is muiríní do FBManna. Agus aird á tabhairt ar an tosaíocht shonrach atá ann iomaíochas, fás inbhuanaithe agus fostaíocht a chothú, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an rún atá ag an gCoimisiún roinnt de na tograí atá ar feitheamh a tharraingt siar agus na réimsí ina bhféadfaí an t-ualach rialála a laghdú a shainaithint.

(h) Beartas cánach a fhorbairt don fhás: ba cheart obair agus plé a chur ar aghaidh i leith na dtograí i ndáil le cánachas fuinnimh, i ndáil leis an gcomhbhonn comhdhlúite don cháin chorparáideach agus i ndáil leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le cáin ar choigilteas agus teacht ar chomhaontú go gasta i dtaca leis na treoracha caibidlíochta le haghaidh comhaontuithe cánachais le tríú tíortha maidir le coigilteas. Tá an Chomhairle Eorpach ag súil leis an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le dea-rialachas i ndáil le tearmainn chánach agus pleanáil ionsaitheach cánach, ar teachtaireacht í a thíolacfar roimh dheireadh na bliana. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire gur iarr roinnt Ballstát go seolfaí comhar feabhsaithe maidir le Cáin ar Idirbhearta Airgeadais atá ar intinn ag an gCoimisiún a scrúdú go gasta d'fhonn a thogra a ullmhú, a luaithe a chomhlíonfar na coinníollacha.

(i) Borradh a chur faoin bhfostaíocht agus faoin gcuimsiú sóisialta: is príomhthosaíocht fhíorthábhachtach i gcónaí é an obair sa réimse seo. Iarrtar ar an gComhairle a cuid oibre a shaothrú ar na gnéithe éagsúla den Phacáiste Fostaíochta agus dul chun cinn gasta a áirithiú i ndáil leis na tograí maidir leis na cearta trasteorann pinsin d'oibrithe an AE a shealbhú agus

a chaomhnú agus i ndáil leis an Treoir maidir le hoibrithe atá ar phostú a fhorghníomhú. Tá an Chomhairle Eorpach ag súil leis an teachtaireacht atá ar na bacáin maidir le hoideachas agus le scileanna agus tá sí ag súil leis an bpacáiste maidir le Fostaíocht i Measc na nÓg, lena n-áirítear tionscnaimh maidir le scéimeanna ráthaíochta don aos óg agus cúrsaí oiliúna agus printíseachtaí ar ardchaighdeán a fhorbairt agus chun soghluaisteacht na n-óg a fheabhsú chomh maith. Ní mór soghluaisteacht lucht saothair ar fud an AE a éascú. Cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfáth a thábhachtaí atá sé breis forbartha a dhéanamh ar thairseach fholúntais poist EURES agus cuireann sí i bhfios go láidir gur gá rannpháirtíocht seirbhísí fostaíochta a mhéadú agus a leathnú ar fud na mBallstát. Tá ról ar leith ag scéimeanna gairmoiliúna na mBallstát chun aghaidh a thabhairt ar dhífhostaíocht na n-óg. Tá sé tábhachtach freisin athghníomhachtú oibrithe níos sine a chur chun cinn. Ba cheart go gcuirfeadh na Ballstáit dlús faoi na hiarrachtaí dul i ngleic le hiarmhairtí sóisialta na géarchéime agus an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac i gcomhréir le cuspóirí Straitéis Eoraip 2020.

(j) Straitéis Eoraip 2020 a chur chun feidhme: meabhraíonn an Chomhairle Eorpach gur gá Moltaí 2012, ar Moltaí a Bhaineann go Sonrach le Tír Faoi Leith iad, a chur chun feidhme go diongbháilte. Iarrann sí ar an Uachtaránacht "tuarascáil sintéise" a thíolacadh faoi na ceachtanna a foghlaimíodh ó phróiseas Sheimeastar Eorpach 2012 agus iarrann sí go ndéanfar feabhsuithe éagsúla ar chleachtadh 2013 — níos mó béime ar threoir shonrach agus ar an gcur chun feidhme; rialacha mionsonraithe nua chun feabhas a chur ar úinéireacht na mBallstát ar an bpróiseas, go háirithe trí idirphlé níos doimhne agus níos leanúnaí; comhpháirtíocht a chothú le Parlaimint na hEorpa, leis na parlaimintí náisiúnta agus le comhpháirtithe sóisialta; nasc níos fearr a bheith ann idir obair fhoirmíochtaí ábhartha na Comhairle. Ag cur i bhfios go láidir di gur gá Seimeastar Eorpach 2013 a ullmhú go críochnúil, tá an Chomhairle Eorpach ag súil go dtíolacfaidh an Coimisiún a Shuirbhé Bliantúil Fáis agus a Thuarascáil maidir le Sásra Rabhaidh go luath, ag deireadh mhí na Samhna, agus iarrann sí ar an Uachtaránacht nua treochlár a thíolacadh maidir leis an obair a eagrú do Sheimeastar Eorpach 2013.

(k) Leas a bhaint as acmhainn na trádála: ag cur i bhfáth di go bhféadfadh sé, le clár oibre uaillmhianach trádála, go dtiocfadh méadú iomlán 2 % ar fhás sa mheántéarma agus go gcruthófaí 2 mhilliún post, athdhearbhaíonn an

Chomhairle Eorpach tiomantas an AE trádáil shaor, chothrom agus oscailte a chur chun cinn agus a leasanna á gcur i gcion ag an am céanna, de mheoin cómhalartachta agus comhshochair. Den mheon sin, iarrann sí go dtiocfar ar chomhaontú maidir leis na treoracha caibidlíochta do Chomhaontú Saorthrádála (CST) leis an tSeapáin chun caibidlíochta a chur ar bun sna míonna atá romhainn agus go dtabharfar chun críche caibidlíocht CST le Ceanada agus le Singeapór sna míonna atá romhainn. Tá sí ag tnúth leis an tuarascáil dheireanach ó Mheitheal Ardleibhéal AE/SA agus tá sí tiomanta don obair i dtreo na sprice an chaibidlíocht faoi chomhaontú cuimsitheach trádála agus infheistíochta trasteorann a sheoladh in 2013. Fillfidh sí ar bhealach níos substaintiúla ar an gcaidreamh AE/SA agus ar an gcaoi a bhféadfaí, leis an trádáil, cur leis an gclár oibre don fhás i mí Feabhra 2013. Iarrann sí freisin go ndéanfar dul chun cinn i ndáil leis an gcaibidlíocht maidir le Comhaontuithe Saorthrádála Doimhne agus Cuimsitheacha le comhpháirtithe comharsanachta an AE atá réidh chuige sin. Ba cheart an togra ón gCoimisiún maidir le rochtain ar mhargaí an tsoláthair phoiblí i dtríú tíortha a scrúdú go mear.

**An AEA a Chríochnú**

3. I bhfianaise na ndúshlán bunúsach atá os a chomhair amach, is gá an tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a neartú chun an leas eacnamaíoch agus sóisialta a áirithiú mar aon le cobhsaíocht agus rathúnas marthanach.

4. I ndiaidh d'Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar le hUachtaráin an Choimisiúin, an Ghrúpa Euro agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE), an tuarascáil eatramhach a thíolacadh, leanfar de na comhairliúcháin neamhfhoirmiúla leis na Ballstáit agus le Parlaimint na hEorpa maidir leis na saincheisteanna éagsúla a bheidh le fiosrú. Tá an Chomhairle Eorpach ag tnúth leis an tuarascáil deiridh agus leis an treochlár beacht a thíolacfar ag an gcruinniú a bheidh aici i mí na Nollag 2012, chun go bhféadfaidh sí dul ar aghaidh leis na bloic bhunriachtanacha thógála uile ar cheart fíorAEA a bheith bunaithe orthu.

5. Ba cheart tógáil ar chreat institiúideach agus dlíthiúil an AE leis an bpróiseas i dtreo aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta níos doimhne, agus ba cheart go mbeadh oscailteacht agus trédhearcacht i leith na mBallstát sin nach bhfuil sa limistéar euro mar aon le hurraim do shláine an Mhargaidh Aonair mar

shaintréithe den phróiseas sin. Ba cheart go n-áireofaí tograí nithiúla faoin mbealach inar féidir an méid sin a bhaint amach ar an tuarascáil agus ar an treochlár deiridh.

## Creat comhtháite airgeadais

6. Ní mór dúinn dul i dtreo creat comhtháite airgeadais, a bheidh oscailte a mhéid is féidir do gach Ballstát ar mhian leis a bheith rannpháirteach ann. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar na reachtóirí leanúint leis an obair ar na tograí reachtacha maidir leis an Sásra Aonair Maoirseachta (SAM) mar ábhar tosaíochta, agus é mar chuspóir teacht ar chomhaontú faoin gcreat reachtach faoin 1 Eanáir 2013. Cuirfear tús leis an obair ar an gcur chun feidhme oibríochtúil le linn 2013. Tá sé ríthábhachtach sláine an Mhargaidh Aonair a urramú ina leith sin.

7. Is gá a áirithiú go mbeidh deighilt shoiléir ann idir beartas airgeadaíochta agus feidhmeanna maoirseachta an BCE agus láimhseáil chothrom agus ionadaíocht chothrom na mBallstát sin a bheidh rannpháirteach sa SAM, bíodh nó ná bíodh an euro mar airgeadra acu. Bainfidh an chuntasacht leis an leibhéal ar a nglacfar na cinntí agus ar a gcuirfear na cinntí i bhfeidhm. Beidh an SAM bunaithe ar na caighdeáin is airde atá ann do mhaoirsiú banc agus beidh an BCE in ann maoirsiú díreach a dhéanamh ar bhealach idirdhealaithe. Beidh sé in ann leas a bhaint freisin as na cumhachtaí éifeachtacha a thabharfar dó leis an reachtaíocht a luaithe a thiocfaidh sé i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, tá sé ríthábhachtach go mbunófar leabhar rialacha aonair a bheidh mar bhonn ag maoirseacht lárnach.

8. Tá sé tábhachtach cothrom na Féinne a áirithiú idir na Ballstáit sin a bheidh rannpháirteach sa SAM agus iad siúd nach mbeidh, agus sláine an mhargaidh aonair i seirbhísí airgeadais á lánurramú. Tá gá le réiteach inghlactha, cothrom maidir leis na hathruithe ar na modhanna vótála agus ar na cinntí faoin Rialachán maidir leis an Údarás Eorpach Baincéireachta (ÚEB), agus athruithe maidir le rannpháirtíocht sa SAM á gcur san áireamh, lena n-áiritheofar cinnteoireacht neamh-idirdhealaithe, éifeachtach sa Mhargadh Aonair. Ar an mbonn sin, ba cheart go gcoimeádfadh an ÚEB na cumhachtaí atá aige agus na freagrachtaí atá air faoi láthair.

9. Iarrann an Chomhairle Eorpach go nglacfaí go pras na forálacha i ndáil le comhchuibhiú na gcreataí náisiúnta réitigh agus ráthaíochta taiscí, bunaithe ar na tograí reachtacha ón gCoimisiún maidir le téarnamh agus réiteach na mbanc agus maidir le scéimeanna náisiúnta ráthaithe taiscí. Iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfar an leabhar rialacha aonair a thabhairt i gcrích go pras, lena n-áirítear comhaontú faoi na tograí maidir le ceanglais chaipitil na mbanc (CRR/CRD IV) faoi dheireadh na bliana.

10. Maidir leis na ceisteanna seo uile, tá sé tábhachtach cothromaíocht chóir idir tíortha baile agus tíortha óstacha a áirithiú.

11. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún sásra aonair réitigh a mholadh do na Ballstáit atá rannpháirteach sa SAM a luaithe a ghlacfar na tograí atá ann don Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach agus don Treoir maidir le Scéim Ráthaithe Taiscí.

12. Ullmhóidh an Grúpa Euro na fíor-chritéir oibríochtúla a bheidh mar threoir d'athchaipitliú díreach a dhéanfadh an Sásra Cobhsaíochta Eorpach (SCE), agus an ráiteas ón gCruinniú Mullaigh faoin limistéar euro an 29 Meitheamh 2012 á urramú go hiomlán. Tá sé ríthábhachtach go mbrisfear an fáinne fí idir na bainc agus na stáit. Nuair a bhunófar sásra aonair maoirseachta éifeachtach, i gcomhar leis an BCE, do bhainc sa limistéar euro, d'fhéadfaí go mbeadh deis ag an SCE, i ndiaidh gnáthchinnidh, na bainc a athchaipitliú go díreach.

## Creataí comhtháite buiséadacha agus creataí comhtháite beartais eacnamaíoch agus dlisteanacht dhaonlathach agus cuntasacht dhaonlathach

13. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na reachtóirí teacht ar chomhaontú chun go nglacfaí an "dá-phaca" faoi dheireadh 2012 ar a dhéanaí. Is píosa bunúsach reachtaíochta é seo agus tá sé riachtanach chun an rialachas eacnamaíoch nua san AE a neartú, le hais an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis atreisithe, an Chonartha ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas (TSCG) agus an "sé-phaca". Iarrann sí freisin ar údaráis náisiúnta agus ar institiúidí Eorpacha iad sin a chur chun feidhme go hiomlán i gcomhréir lena róil faoi Chonarthaí an AE. Maidir leis an obair leanúnach rialála in earnáil bhaincéireachta an AE, tugann an Chomhairle Eorpach dá haire na moltaí ón saingrúpa ardleibhéil maidir le struchtúr earnáil bhaincéireachta an AE, atá faoi scrúdú ag an gCoimisiún faoi

láthair, lena n-áirítear an tionchar a d'fhéadfaidís a imirt ar an gcuspóir córas éifeachtach agus cobhsaí baincéireachta a bhunú.

14. Is cuid d'aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta é creat buiséadach comhtháite. Sa chomhthéacs sin, déanfar sásraí breise, lena n-áirítear acmhainn bhuiséadach iomchuí, a scrúdú don limistéar euro. Ní bheidh baint ag an próiseas scrúdaithe le hullmhú an chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil eile.

15. Chun go bhfeidhmeoidh an AEA go rianúil agus chun gur láidre agus gur inbhuanaithe a bheidh an fás eacnamaíoch, an fhostaíocht agus an comhtháthú sóisialta, is gá go ndéanfar an beartas eacnamaíoch a chomhordú, a chóineasú agus a fhorghníomhú ar bhealach níos láidre. Chuige sin, fiosrófar an bhféadfaidh Ballstáit an limistéir euro tabhairt faoi shocruithe aonair de chineál conarthach le hinsitiúidí an AE i ndáil leis na hathchóirithe a ghabhann siad mar chúram orthu féin agus i ndáil lena gcur chun feidhme. D'fhéadfaí socruithe den chineál sin a nascadh leis na hathchóirithe atá sainaitheanta sna moltaí a bhaineann go sonrach le tíortha ar leith a ghlac an Chomhairle agus d'fhéadfaidís tógáil ar nósanna imeachta an AE.

16. Ba cheart an rialachas laistigh den limistéar euro a fheabhsú tuilleadh, ag cur leis an TSCG agus leis an ráiteas ón gCruinniú Mullaigh faoin limistéar euro an 26 Deireadh Fómhair 2011 á chur san áireamh. Ba cheart go bhféachfadh na Ballstáit rannpháirteacha ar bhealaí chun a áirithiú go ndéanfar na hathchóirithe móra uile a bheartaítear maidir leis an mbeartas eacnamaíoch a phlé *ex ante*, agus i gcás inarb iomchuí, go ndéanfar iad a chomhordú faoi chuimsiú rialachas eacnamaíoch an AE, i gcomhréir le hAirteagal 11 TSCG. Glacfaidh Ceannairí Stáit nó Rialtais an limistéir euro rialacha nós imeachta le haghaidh a gcruinnithe.

17. Tá sásraí láidre le haghaidh dlisteanachta daonlathaí agus cuntasachta daonlathaí riachtanach. Tá sé ar cheann de na treoirphrionsabail sa chomhthéacs sin a áirithiú go gcuirfear rialú daonlathach agus cuntasacht dhaonlathach ar bun ar an leibhéal ar a nglacfar na cinntí agus ar a ndéantar na cinntí sin a chur chun feidhme. Den mheon sin, ba cheart féachaint ar bhealaí, i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, ina gcuirfear díospóireacht ar bun i bParlaimint na hEorpa agus sna parlaimintí náisiúnta. Chuige sin, tugann an Chomhairle Eorpach dá haire intinn na mBallstát sin ar comhpháirtithe iad den TSCG leibhéal an chomhair idir na parlaimintí náisiúnta agus Parlaimint na hEorpa a mhéadú, ag cur le hAirteagal 13 TSCG agus le Prótacal 1 atá i gceangal leis an CFAE.

## II. COMHPHÁIRTITHE STRAITÉISEACHA

18. Chuir an Chomhairle Eorpach malartú tuairimí ar bun maidir le caidreamh an AE lena gcomhpháirtithe straitéiseacha. D'iarr sí go ndéanfaí na socruithe inmheánacha a comhaontaíodh i mí Mheán Fómhair 2010 a chur chun feidhme go hiomlán chun caidreamh seachtrach an AE a fheabhsú.

## III. NITHE EILE

19. Tá uafás ar an gComhairle Eorpach maidir le meathlú na staide sa tSiria. Tacaíonn sí leis na conclúidí a ghlac an Chomhairle an 15 Deireadh Fómhair agus leis na bearta sriantacha i gcoinne réimeas na Siria agus i gcoinne na ndaoine a thacaíonn leis an réimeas sin. Tacaíonn sí go hiomlán le hiarrachtaí Lakhdar Brahimi teacht ar réiteach polaitiúil maidir leis an ngéarchéim sa tSiria. Ba cheart do gach príomhghníomhaí, go háirithe iad siúd sa réigiún agus gach comhalta de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh agus tacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí an Chomhionadaí. Tá an AE tiomanta do dhul i mbun dlúthchomhair chuimsithigh le comhpháirtithe idirnáisiúnta lena áirithiú go gcuirfear tacaíocht ar fáil go mear don tSiria i ndiaidh an athraithe. Tá an AE tiomanta freisin dá thacaíocht a neartú chun tógáil ar chumas na sochaí sibhialta páirt a ghlacadh sa tSiria a bheidh ann amach anseo. Ba cheart do ghrúpaí uile an fhreasúra teacht ar chomhaontú maidir le tacar prionsabal coiteann chun aistriú cuimsitheach, ordúil, síochánta a bhaint amach sa tSiria.

Cáineann an AE go láidir an tuairgneáil a rinne fórsaí na Siria ar chríoch na Tuirce, iarrann sé ar chách géarú a chosc agus iarrann sé ar údaráis na Siria sláine críche agus ceannas gach tíre sa chomharsanacht a urramú go hiomlán. Leanfaidh an AE de chúnamh daonnúil a chur ar fáil agus iarrann sé ar gach deontóir a ranníocaíochtaí a mhéadú maidir leis na hachainíocha is déanaí ó na NA. Impíonn an Chomhairle Eorpach ar gach páirtí an dlí daonnúil idirnáisiúnta a urramú (lena n-áirítear dosháraitheacht saoráidí míochaine, pearsanra míochaine agus feithiclí míochaine). Ba cheart go gcuirfeadh gach páirtí deireadh le gach cineál foréigin agus go ndéanfadh siad bearta ar leith chun cosaint a thabhairt do na grúpaí leochaileacha uile agus go dtabharfadh siad rochtain slán agus iomlán chun go bhféadfaí cúnamh daonnúil a sholáthar i ngach cuid den tír. Caithfear iadsan atá freagrach as sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta a thabhairt os comhair cúirte.

20. Cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfáth gur mórábhar imní di clár núicléach na hIaráine agus tacaíonn sí leis an rún a ghlac Bord Rialtóirí an IAEA le déanaí. Meabhraíonn an Chomhairle Eorpach di go bhfuil sárú uafásach á dhéanamh ag an Iaráin ar a hoibleagáidí idirnáisiúnta agus go bhfuil sí ag diúltú comhoibriú go hiomlán leis an IAEA. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach na conclúidí, mar sin, agus glacadh na mbeart breise sriantach ag an gComhairle an 15 Deireadh Fómhair agus é d'aidhm leo caidreamh dáiríre, fóinteach a bhunú le réimeas na hIaráine. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil sí tiomanta don chur chuige dériain agus go dtacaíonn sí leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an Ardionadaí thar ceann an E3+3 páirt a ghlacadh i bhfíor-idirphlé cuiditheach. Is féidir le réimeas na hIaráine gníomh freagrach a dhéanamh agus deireadh a chur le smachtbhannaí, ach fad agus a dhiúltaíonn an Iaráin an méid sin á dhéanamh, beidh an AE meáite i gcónaí ar bhrú a chur ar an Iaráin i gcomhthéacs an chur chuige dériain, i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta.

21. Tacaíonn an Chomhairle Eorpach leis na conclúidí a ghlac an Chomhairle an 15 Deireadh Fómhair agus cuireann sí in iúl go bhfuil sí fíorimníoch faoin ngéarchéim pholaitiúil, shlándála agus dhaonnúil atá fós ar siúl i Mailí. Tá an staid sin ina bagairt láithreach ar réigiún na Saiheile agus ina bagairt ar iarthar agus ar thuaisceart na hAfraice agus ar an Eoraip. Tá rún daingean ag an AE tacaíocht chuimsitheach a thabhairt do Mhailí, i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta agus réigiúnacha. Go háirithe, tacóidh an AE le Mailí agus í ag iarraidh an smacht reachta agus rialtas daonlathach, a mbeidh údarás iomlán aige ar fud chríoch Mhailí, a athbhunú. Leanfaidh an AE, de réir a chéile, dá chomhar um fhorbairt a luaithe agus a ghlacfar Treochlár inchreidte, comhthoiliúil chun an t-ord bunreachtúil a athbhunú. Idir an dá linn, cuirfidh an AE dlús lena fhreagairt dhaonnúil. Thairis sin, leanfaidh an AE de scrúdú a dhéanamh ar an tacaíocht a thabharfar don fhórsa míleata idirnáisiúnta a bheartaítear i gcomhréir le Rún 2071 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus cuirfidh sí dlús leis an bpleanáil maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta a d'fhéadfadh a bheith ann chun cabhrú le fórsaí cosanta Mhailí a atheagrú agus a thraenáil. Coimeádfaidh an AE an rogha spriocbhearta sriantacha a ghlacadh i gcoinne na ndaoine sin a bhfuil baint acu leis na grúpaí armtha i dtuaisceart Mhailí agus i gcoinne na ndaoine sin a chuireann bac ar athshlánú an oird bhunreachtúil.

* * *

*Tá an Chomhairle Eorpach an-bhuíoch gur bronnadh Duais Nobel na Síochána ar an Aontas Eorpach. Is mór an onóir í an Duais do gach saoránach Eorpach agus do Bhallstáit uile agus institiúidí uile an AE. Cuireann Coiste Nobel i gcuimhne dúinn gur chuidigh "an tAontas agus a chuid réamhtheachtairí leis an tsíocháin agus leis an athmhuintearas, leis an daonlathas agus le cearta an duine a chur chun cinn san Eoraip le níos mó ná seasca bliain anois". Ag am seo na neamhchinnteachta, is rosc láidir é an gradam seo ar na buanna atá bainte amach cheana chun an Eoraip a chosaint agus a neartú don ghlúin atá le teacht. Agus tuiscint mhaith acu go gcaithfear a bheith síorairdeallach agus go dteastaíonn toil sheasmhach chun an comhphobal seo de leasanna síochánta a chur ar aghaidh, glacann comhaltaí na Comhairle Eorpaí chucu féin mar fhreagracht phearsanta a áirithiú go mbeidh an Eoraip mar ilchríoch ina mbeidh an dul chun cinn agus an rathúnas i gcónaí ann.*

# COMHAIRLE EORPACH AN 13-14 NOLLAIG 2012
# CONCLÚIDÍ

*Chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach maidir le treochlár chun an tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a chur i gcrích, bunaithe ar chomhtháthú níos doimhne agus ar dhlúthpháirtíocht atreisithe. Tosóidh an próiseas sin leis an rialachas eacnamaíoch feabhsaithe nua a chur i gcrích, a neartú agus a chur chun feidhme, chomh maith le glacadh an tSásra Aonair Maoirseachta agus na rialacha nua maidir le téarnamh agus réiteach agus maidir le ráthaíochtaí taiscí. Cuirfear críoch leis sin trí shásra aonair réitigh a bhunú. Déanfar tuilleadh scrúdaithe ar roinnt saincheisteanna tábhachtacha eile ag Comhairle Eorpach mhí an Mheithimh 2013, maidir le hathchóirithe náisiúnta a chomhordú, gné shóisialta an AEA, indéantacht agus módúlachtaí conarthaí a chomhaontaítear go frithpháirteach le haghaidh an iomaíochais agus an fháis, agus sásraí dlúthpháirtíochta agus sásraí chun doimhniú an Mhargaidh Aonair a chur chun cinn agus chun a shláine a chosaint. Le linn an phróisis sin, áiritheofar dlisteanacht dhaonlathach agus cuntasacht dhaonlathach.*

*Sheol an Chomhairle Eorpach obair maidir le Seimeastar Eorpach 2013 ar bhonn Shuirbhé Bhliantúil Fáis an Choimisiúin. Chinn sí obair a sheoladh i leith Chomhbheartas Slándála agus Cosanta an AE a fhorbairt níos mó agus fillfidh sí ar an tsaincheist sin i mí na Nollag 2013.*

## I. AN BEARTAS EACNAMAÍOCH

### Treochlár chun an AEA a thabhairt chun críche

1. I bhfianaise na ndúshlán bunúsach atá os a chomhair amach, is gá an tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a neartú chun an leas eacnamaíoch agus sóisialta a áirithiú mar aon le cobhsaíocht agus rathúnas marthanach. Ba cheart do bheartais eacnamaíocha a bheith dírithe go hiomlán ar fhás eacnamaíoch láidir, inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn, lena n-áiritheofar smacht buiséadach, lena bhfeabhsófar an t-iomaíochas agus lena gcuirfear borradh faoin bhfostaíocht — go háirithe faoi fhostaíocht na n-óg — ionas gur geilleagar sóisialta iomaíoch margaidh é an Eoraip i gcónaí agus chun an múnla sóisialta Eorpach a chaomhnú.

2. Tá comhdhlúthú an AEA ag brath, ní amháin ar bhailchríoch a chur ar a struchtúr, ach ar bheartais fhónta bhuiséadacha atá difreáilte agus lena gcothaítear fás a shaothrú freisin. Agus an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis á urramú go hiomlán, féadfar na deiseanna a ghabhann le creat buiséadach an AE atá ann cheana féin a thapú i ngné choisctheach an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis, chun go mbeadh cothromaíocht ann idir riachtanais na hinfheistíochta poiblí táirgiúla agus cuspóirí an smachta bhuiséadaigh.

3. De thoradh ar an tuarascáil eatramhach a tíolacadh i mí Dheireadh Fómhair 2012, rinne Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar le hUachtarán an Choimisiúin, le hUachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus le hUachtarán an Ghrúpa Euro, treochlár sonrach a bheidh faoi cheangal ama a ullmhú chun go mbainfear fíor-Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta amach. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire an "Treoirphlean" a d'eisigh an Coimisiún ina gcuirtear anailís chuimsitheach ar fáil ar na ceisteanna ábhartha mar aon le measúnú ar na gnéithe dlíthiúla a bhaineann leo. Tugann sí dá haire freisin an rannchuidiú a rinne Parlaimint na hEorpa. Leagann an Chomhairle Eorpach amach na chéad chéimeanna eile chun an AEA a thabhairt chun críche, bunaithe ar chomhtháthú níos doimhne agus ar dhlúthpháirtíocht atreisithe le haghaidh Bhallstáit an limistéir euro.

4. Tógfar ar chreat institiúideach agus ar chreat dlíthiúil an AE leis an bpróiseas chun an AEA a thabhairt chun críche. Beidh sé oscailte agus trédhearcach i leith na mBallstát sin nach bhfuil an t-airgeadra aonair acu. Urramófar go hiomlán sláine an Mhargaidh Aonair le linn an phróisis, lena n-áirítear sna tograí reachtacha difriúla a dhéanfar. Tá sé tábhachtach freisin go n-áiritheofar cothrom na Féinne idir na Ballstáit a ghlacann páirt sa SAM agus na Ballstáit nach nglacann páirt ann.

5. Tá sé mar thosaíocht láithreach an creat do rialachas eacnamaíoch níos láidre, lena n-áirítear an "sé-phaca", an Conradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas (TSCG) agus an "dá-phaca", a thabhairt chun críche agus a chur chun feidhme. Tar éis an dul chun cinn cinntitheach a baineadh amach maidir le príomheilimintí an "dá-phaca", iarrann an Chomhairle Eorpach ar na comhreachtóirí é a ghlacadh go gasta.

6. Ar an gcuma chéanna, tá sé práinneach bogadh i dtreo creata airgeadais atá níos comhtháite, a chuideoidh le gnáthiasachtú a chur i bhfeidhm arís, a chuirfidh

feabhas ar an iomaíochas agus a bheidh ina chabhair maidir leis an gcoigeartú atá riachtanach a thabhairt isteach inár ngeilleagair.

7. Céim thábhachtach cháilíochtúil atá sa Sásra Aonair Maoirseachta chun creat airgeadais níos comhtháite a bhaint amach. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an comhaontú ar thángthas air laistigh den Chomhairle an 13 Nollaig agus iarrann sí ar na comhreachtóirí teacht ar chomhaontú go gasta ionas go gceadófar cur chun feidhme an chomhaontaithe sin a luaithe is féidir. Athdhearbhaíonn sí freisin an tábhacht a bhaineann leis na rialacha nua i leith cheanglais chaipitil na mbanc (CRR/CRD), ar tosaíochtaí tábhachtacha iad chun leabhar rialacha aonair a fhorbairt, agus iarrann sí ar na páirtithe go léir obair a dhéanamh ionas go gcomhaontófar na rialacha sin agus go nglacfar go gasta iad.

8. Tathantaíonn an Chomhairle Eorpach ar na comhreachtóirí teacht ar chomhaontú faoi na tograí le haghaidh Treorach maidir le Téarnamh agus Réiteach agus le haghaidh Treorach maidir le Scéim Ráthaithe Taiscí roimh mhí an Mheithimh 2013; ba cheart go dtiocfadh an Chomhairle, ar a taobh siúd, ar chomhaontú faoi dheireadh mhí an Mhárta 2013. A luaithe a ghlacfar iad, ba cheart do na Ballstáit na Treoracha sin a chur chun feidhme mar ábhar tosaíochta.

9. Tá an Chomhairle Eorpach ag tnúth le hobair leantach ghasta an Choimisiúin ar na tograí ón ngrúpa ardleibhéil saineolaithe maidir le struchtúr earnáil bhaincéireachta an AE.

10. Tá sé ríthábhachtach go mbrisfear an fáinne fí idir na bainc agus na stáit. De thoradh ar ráiteas an limistéir euro a eisíodh ag Cruinniú Mullaigh mhí an Mheithimh 2012 agus ar na Conclúidí ón gComhairle i mí Dheireadh Fómhair 2012, ba cheart creat oibríochtúil, lena n-áirítear sainmhíniú ar shócmhainní leagáide, a chomhaontú a luaithe is féidir sa chéad seimeastar de 2013, sa chaoi go bhféadfaí leis an Sásra Cobhsaíochta Eorpach bainc a athchaipitliú go díreach, tar éis cinnidh rialta, nuair a bhunófar sásra éifeachtach aonair maoirseachta. Déanfar sin ar bhealach ina gcomhlíonfar an Margadh Aonair ina iomláine.

11. I gcomhthéacs ina n-aistreofar an mhaoirseacht ar na bainc chuig sásra aonair maoirseachta ar bhealach éifeachtach, beidh gá le sásra aonair réitigh a mbeidh na cumhachtaí riachtanacha aige chun a áirithiú go bhféadfar aon bhanc sna Ballstáit rannpháirteacha a réiteach leis na huirlisí iomchuí. Dá bhrí sin,

ba cheart dlús a chur faoin obair ar na tograí le haghaidh Treorach maidir le Téarnamh agus Réiteach agus le haghaidh Treorach do Scéim Ráthaithe Taiscí, i dtreo is gur féidir iad a ghlacadh ar aon dul le mír 8. Maidir leis na hábhair sin, tá sé tábhachtach a áirithiú go mbeidh cothromaíocht idir tíortha baile agus tíortha aíochta. Tíolacfaidh an Coimisiún togra le haghaidh sásra aonair réitigh do na Ballstáit sin a bheidh rannpháirteach sa SAM le linn 2013, ar togra é a scrúdóidh na comhreachtóirí mar ábhar tosaíochta agus a bheidh sé mar rún acu é a ghlacadh le linn an timthrialla pharlaimintigh atá ann faoi láthair. Ba cheart go gcosnófaí leis an gcobhsaíocht airgeadais agus ba cheart go n-áiritheofaí leis go mbeadh creat éifeachtach ann chun institiúidí airgeadais a réiteach agus na cáiníocóirí á gcosaint ag an am céanna i gcomhthéacs géarchéimeanna baincéireachta. Ba cheart go mbeadh an sásra aonair réitigh bunaithe ar ranníocaíochtaí ón earnáil airgeadais agus ba cheart go n-áireofaí socruithe tacaíochta éifeachtacha agus iomchuí ann. Ba cheart go mbeadh an tacaíocht sin neodrach go buiséadach thar an meántéarma, trína áirithiú go ndéantar cúnamh poiblí a fhorchúiteamh trí bhíthin tobhaigh *ex post* a ghearradh ar an tionscal airgeadais.

12. D'fhonn go mbeadh an AEA in ann an fás eacnamaíoch, an t-iomaíochas i gcomhthéacs domhanda agus an fhostaíocht a áirithiú san AE agus go háirithe sa limistéar euro, beidh gá le scrúdú a dhéanamh ar roinnt saincheisteanna tábhachtacha eile a bhaineann le beartais eacnamaíocha agus treoirlínte bheartais eacnamaíoch an limistéir euro a chomhordú, lena n-áirítear bearta chun doimhniú an Mhargaidh Aonair a chur chun cinn agus chun a shláine an a chosaint. Chun na críche sin, déanfaidh Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar le hUachtarán an Choimisiúin, tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit, bearta a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis na saincheisteanna a leanas a chur faoi bhráid na Comhairle Eorpaí i mí an Mheithimh 2013:

(a) athchóirithe náisiúnta a chomhordú: iarrfar ar na Ballstáit is rannpháirtí a áirithiú, ar aon dul le hAirteagal 11 TSCG, go bpléifear na mór-athchóirithe ar an mbeartas eacnamaíoch a bhfuil sé i gceist acu aghaidh a thabhairt orthu agus déanfaidh siad iad a chomhordú eatarthu féin. Beidh institiúidí an AE san áireamh i gcomhordú den sórt sin mar atá faoi cheanglas dhlí an AE chun na críche sin. D'fhógair an Coimisiún go bhfuil sé ar intinn aige togra a dhéanamh le haghaidh creata do chomhordú *ex ante* ar mhór-athchóirithe i ndáil leis an mbeartas eacnamaíoch i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh;

(b) gné shóisialta an AEA, lena n-áirítear an t-idirphlé sóisialta;

(c) indéantacht agus modúlachtaí conarthaí iomaíochais agus fáis atá comhaontaithe go frithpháirteach: d'fhéadfaí úinéireacht agus éifeachtacht a fheabhsú trí shocruithe aonair de chineál conarthach le hinstitúidí an AE. Ba cheart le socruithe den chineál sin go ndéanfaidís idirdhealú ag brath ar an staid shonrach i ngach Ballstát. Bhainfeadh sé sin le Ballstáit sa limistéar euro, ach féadfaidh na Ballstáit sin nach bhfuil sa limistéar euro socruithe den chineál céanna a dhéanamh;

(d) sásraí dlúthpháirtíochta lena bhféadfaí feabhas a chur ar na hiarrachtaí a bheadh déanta ag na Ballstáit a ghlacann socruithe conarthacha den chineál sin ar láimh le haghaidh iomaíochais agus fáis.

13. Ba cheart an rialachas laistigh den limistéar euro a fheabhsú tuilleadh, ag cur leis an TSCG agus leis an ráiteas ón gCruinniú Mullaigh faoin Limistéar Euro an 26 Deireadh Fómhair 2011 á chur san áireamh. Iarrfar ar Cheannairí Stáit nó Rialtais an limistéir euro rialacha nós imeachta dá gcruinnithe a ghlacadh ag an gcruinniú a bheidh acu i mí an Mhárta 2013, ina n-urramófar Airteagal 12.3 TSCG ina iomláine.

14. Le linn an phróisis, is é a bheidh mar chuspóir ginearálta i gcónaí dlisteanacht dhaonlathach agus cuntasacht dhaonlathach a áirithiú ar an leibhéal ar a ndéantar cinntí agus ar a gcuirtear chun feidhme iad. Aon chéim nua chun rialachas eacnamaíoch a neartú, caithfear céimeanna breise a bheith ag roinnt leo i dtreo tuilleadh dlisteanachta agus cuntasachta. Ar an leibhéal náisiúnta, chiallódh bearta i dtreo na creata fioscacha agus beartais airgeadais a chuimsiú tuilleadh gur ghá go ndéanfadh na Ballstáit rannpháirtíocht iomchuí óna bparlaimintí a áirithiú. Ní mór do Pharlaimint na hEorpa bheith chomh gníomhach céanna agus an próiseas ceaptha beartas á chomhtháthú agus inniúlachtaí á gcomhthiomsú. Le sásraí nua, lena gcuirfí leis an gcomhar idir parlaimintí náisiúnta agus Parlaimint na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 13 TSCG agus le Prótacal Uimh. 1 atá i gceangal leis na Conarthaí, féadfar cur leis an bpróiseas sin. Cinnfidh Parlaimint na hEorpa agus na parlaimintí náisiúnta, i gcomhar lena chéile, comhdháil dá n-ionadaithe a eagrú agus a chur chun cinn ag a bpléifear saincheisteanna a bhaineann leis an AEA.

## Suirbhé Bliantúil Fáis

15. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur chuir an Coimisiún an Suirbhé Bliantúil Fáis (AGS), lena seoltar seimeastar Eorpach 2013, faoina bráid go tráthúil. Aontaíonn sí gur cheart díriú i gcónaí, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach in 2013, ar na cúig thosaíocht a comhaontaíodh mí an Mhárta seo caite, eadhon:

— comhdhlúthú buiséadach a bhaint amach a bheadh difreálaithe agus lena gcothófaí an fás;
— gnáthiasachtú a chur i bhfeidhm sa gheilleagar arís;
— an fás agus an t-iomaíochas a chur chun cinn;
— dul i ngleic leis an dífhostaíocht agus le hiarmhairtí sóisialta na géarchéime; agus
— nuachóiriú a dhéanamh ar an riarachán poiblí.

16. Déanfaidh an Chomhairle mionscrúdú breise ar an bpacáiste AGS i gcomhréir leis an treochlár a thíolacfaidh an Uachtaránacht nua agus mar thoradh ar na moltaí a leagadh amach sa tuarascáil ón Uachtaránacht maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó Sheimeastar Eorpach 2012, d'fhonn a tuairimí a chur ar fáil don chruinniú den Chomhairle Eorpach a bheidh ar siúl i mí an Mhárta 2013. Tiocfaidh an Chomhairle ar chomhaontú ansin maidir leis an treoir is gá do Chláir um Chobhsaíocht agus um Chóineasú na mBallstát agus do na Cláir Athchóirithe Náisiúnta agus do chur chun feidhme thionscnaimh shuaitheanta an AE chomh maith. Iarrtar ar an gCoimisiún measúnú ar fheidhmíocht mhargadh an tsaothair agus mhargadh na dtáirgí a chur isteach ina chéad Suirbhé Bliantúil Fáis eile d'fhonn an fás agus an fhostaíocht a chur chun cinn.

17. Má thugtar an Margadh Aonair chun críche, cuirfidh sé go mór le fás agus le poist agus beidh sé mar phríomheilimint de fhreagairt an AE ar an ngéarchéim airgeadais, eacnamaíoch agus shóisialta. Bhreathnaigh an Chomhairle Eorpach ar an staid mar atá i ndáil le tograí tosaíochta an Ghnímh um an Margadh Aonair I agus ba dhíol sásaimh di an comhaontú ar thángthas air i measc na mBallstát atá rannpháirteach maidir le Paitinn Aonadach chomh maith leis an gcomhaontú ar thángthas air maidir le Réiteach Díospóide Malartach agus Réiteach Díospóide ar Líne do dhíospóidí tomhaltóra. Iarrann sí ar na comhreachtóirí na comhaid Ghnímh um an Margadh Aonair I atá fágtha a thabhairt chun críche

mar ábhar práinne. Ba cheart, go háirithe, luas a chur leis an obair i ndáil le cáilíochtaí gairmiúla, le soláthar poiblí, le hoibrithe a chur i gceann poist agus le síniú leictreonach agus sainaithint leictreonach. Maidir leis an nGníomh um an Margadh Aonair II, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún na príomhthograí ar fad a thíolacadh faoi Earrach na bliana 2013. Iarrann sí ar an gComhairle agus ar Pharlaimint na hEorpa tús áite a thabhairt do na moltaí sin d'fhonn iad a ghlacadh faoi dheireadh an timthrialla pharlaimintigh seo ar a dhéanaí. Tá sé tábhachtach freisin gníomhú ar bhonn práinneach i gcomhréir leis na teachtaireachtaí ón gCoimisiún maidir leis an Treoir um Sheirbhísí a chur chun feidhme agus le rialachas an Mhargaidh Aonair. Déanfaidh an Chomhairle Eorpach athbhreithniú dlúth ar dhul chun cinn thograí uile an Ghnímh um an Margadh Aonair.

18. Iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfar scrúdú go mear ar theachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an "Rialáil Chliste" agus tá sí ag tnúth le foilsiú an chéad scórchlár FBM. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach na tograí ón gCoimisiún maidir le hualaí rialála a laghdú agus maidir le rialacháin a chur ar neamhní nach bhfuil i gcónaí úsáideach mar chuid dá chur chuige iomlán maidir le "Rialáil Chliste". Tá sí ag tnúth le dul chun cinn nithiúil agus tuarascáil le linn a cruinnithe i mí an Mhárta 2013.

19. Ag meabhrú di an Dearbhú ó na Ceannairí Stáit nó Rialtais i mí Eanáir 2012 agus na conclúidí ó chruinnithe na Comhairle i mí an Mhárta, i mí an Mheithimh agus i mí Dheireadh Fómhair, is díol sásaimh é don Chomhairle Eorpach an dul chun cinn a rinneadh i rith na bliana chun cur chuige cuimsitheach de chuid an AE i leith fostaíochta i measc na n-óg a bhaint amach. Iarrann sí ar an gComhairle a meas a dhéanamh ar thograí an Phacáiste maidir le Fostaíocht i measc na nÓg gan mhoill, go háirithe d'fhonn an moladh a ghlacadh maidir le Ráthaíocht na nÓg go luath in 2013 agus staideanna náisiúnta agus riachtanais náisiúnta á gcur san áireamh. Iarrann sí ar an gCoimisiún bailchríoch a chur láithreach ar an gcreat cáilíochta le haghaidh cúrsaí oiliúna, Comhaontas do Phrintíseachtaí a bhunú agus rialachán nua EURES a mholadh. Ba cheart go n-áiritheodh an Chomhairle, na Ballstáit agus an Coimisiún go ndéanfaí obair leantach láithreach ar an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal "Athmhachnamh ar an Oideachas".

## II. NITHE EILE

**An Comhbheartas Slándála agus Cosanta**

20. Meabhraíonn an Chomhairle Eorpach a conclúidí ó mhí na Nollag 2008 agus tugann sí dá haire go n-iarrtar ar an Aontas Eorpach, sa lá atá inniu ann agus an saol ag síorathrú, tuilleadh freagrachtaí a ghlacadh ar láimh chun an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a chothabháil d'fhonn slándáil shaoránaigh an Aontais a áirithiú agus d'fhonn leas an Aontais a chur chun cinn.

21. I ndáil leis seo, tá an Chomhairle Eorpach meáite i gcónaí ar éifeachtacht an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC) a fheabhsú ionas go gcuideodh an AE ar bhealach praiticiúil le bainistiú géarchéime idirnáisiúnta. Tá ról tábhachtach ag an AE ina chomharsanacht féin agus ar leibhéal domhanda. Meabhraíonn an Chomhairle Eorpach gur eilimintí ríthábhachtacha de chur chuige cuimsitheach an AE i réigiúin atá faoi léigear géarchéime iad misin agus oibríochtaí CBSC, réigiúin amhail na Balcáin Thiar, Corn na hAfraice, an Meánoirthear, Saiheil, an Afganastáin agus an Cugas Theas agus tá sí meáite i gcónaí ar a n-éifeachtacht oibríochtúil agus a n-éifeachtúlacht oibríochtúil a fheabhsú. Meabhraíonn sí freisin gur cheart dul i mbun misean agus oibríochtaí CBSC i ndlúthchomhar le gníomhairí idirnáisiúnta ábhartha eile, amhail NA agus ECAT, ESCE agus an tAontas Afracach, chomh maith le tíortha comhpháirtíochta, de réir mar is gá. Tá sé fíorthábhachtach go bhfeabhsófaí an comhar le páirtithe leasmhara i gcomharsanacht na hEorpa i ndáil leis seo.

22. Chun na freagrachtaí slándála a chomhlíonadh, cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl nach mór do Bhallstáit an AE a bheith réidh chun cumais atá dírithe ar an todhchaí a chur ar fáil, sa réimse shibhialtach agus i réimse na cosanta araon. Cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl go láidir go gcuirtear béim, leis na constaicí airgeadais atá ann faoi láthair, ar an ngéarghá atá le comhar na hEorpa a neartú chun cumais mhíleata a fhorbairt agus chun na bearnaí criticiúla a líonadh, lena n-áirítear iad sin a sainaithníodh sna hoibríochtaí deireanacha. Cuireann sí béim freisin ar a mhéid a d'fhéadfadh an comhar sin dul chun tairbhe don fhostaíocht, don fhás, don nuáil agus don iomaíochas tionsclaíoch laistigh den Aontas Eorpach.

23. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Ardionadaí, go háirithe tríd an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus tríd an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint, agus iarann sí ar an gCoimisiún chomh maith, ag gníomhú dóibh go léir i gcomhréir lena bhfreagracht faoi seach agus i ndlúthchomhar le chéile de réir mar a éilítear, tograí agus gníomhaíochtaí breise a fhorbairt chun an Comhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) a neartú agus chun infhaighteacht na gcumas míleata agus na gcumas sibhialtach atá riachtanach a fheabhsú, agus tuairisciú a dhéanamh maidir leis na tionscnaimh sin, ar a dhéanaí faoi mhí Mheán Fómhair 2013 ag féachaint don Chomhairle Eorpach a bheidh ar siúl i mí na Nollag 2013. Beidh dlúthbhaint ag na Ballstáit leis an bpróiseas sin ó thús deireadh.

24. Chun na críche sin, leagann an Chomhairle Eorpach béim *inter alia* ar na saincheisteanna seo a leanas:

*Éifeachtacht, infheictheacht agus tionchar CBSC a fheabhsú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh*

— an cur chuige cuimsitheach maidir le coinbhleachtaí a chosc, bainistiú géarchéime agus cobhsaíocht a fhorbairt tuilleadh, lena n-áirítear tríd an gcumas freagairt a thabhairt ar dhúshláin slándála atá ag teacht chun cinn a fhorbairt;
— acmhainn an AE a neartú leas a bhaint as na cumais chearta shibhialtacha agus mhíleata agus as an bpearsanra ceart sibhialtach agus míleata go mear agus go héifeachtach síos trí speictream uile na gníomhaíochta bainistithe géarchéime.

*An fhorbairt ar chumais chosanta a fheabhsú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh*

— iomarcaíochtaí reatha agus easnaimh chumas a aithint agus tús áite a thabhairt do riachtanais chumais shibhialtacha agus mhíleata na hEorpa a bheidh ann amach anseo;
— comhar in ábhair Eorpacha cosanta a bheadh níos córasaí agus níos fadtéarmaí a éascú, lena n-áirítear trí chumais mhíleata a "chomhthiomsú agus a roinnt"; agus i ndáil leis sin, comhar a mheas go córasach ón tús i bpleanáil cosanta náisiúnta na mBallstát;
— sineirgí a éascú idir tionscnaimh dhéthaobhacha, foréigiúnacha, Eorpacha agus iltaobhacha, lena n-áirítear tionscnamh "comhthiomsú agus roinnt" de chuid an AE agus tionscnamh "cosaint chliste" de chuid ECAT.

*Tionscal cosanta na hEorpa a neartú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh*

— bonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch cosanta na hEorpa a bheadh níos comhtháite, níos inbhuanaithe, níos nuálaí agus níos iomaíche a fhorbairt;
— sineirgí níos fearr a fhorbairt idir na gnéithe sibhialtacha agus na gnéithe míleata den taighde agus den fhorbairt; margadh cosanta a fheidhmíonn mar is ceart a chur chun cinn, go háirithe trí na treoracha maidir le soláthar poiblí agus maidir le haistrithe laistigh den AE a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach, ar margadh é atá oscailte do FBManna agus a bhaineann tairbhe as rannchuidiú na FBManna céanna.

25. Déanfaidh an Chomhairle Eorpach athbhreithniú i mí na Nollag 2013 ar an dul chun cinn a baineadh amach agus na spriocanna sin á saothrú, déanfaidh sí measúnú ar an staid mar atá agus, ar bhonn na moltaí ó Uachtarán na Comhairle, tabharfaidh sí treoir, lena n-áirítear trí thosaíochtaí agus amlínte a leagan síos, chun éifeachtúlacht iarrachtaí an AE a áirithiú lena ndírítear ar fhreagrachtaí slándála na hEorpa a chomhlíonadh.

**Straitéisí Réigiúnacha**

26. Ag meabhrú di a conclúidí a glacadh i mí an Mheithimh 2011, agus faoi réir an mheasúnaithe a rinneadh ar choincheap na straitéisí macrairéigiúnacha dá bhforáiltear sna Conclúidí ón gComhairle an 13 Aibreán 2011, tá an Chomhairle Eorpach ag tnúth le Straitéis AE nua don réigiún Aidriadach agus don réigiún Iónach a bheidh á tíolacadh ag an gCoimisiún roimh dheireadh na bliana 2014. Iarrann sí freisin ar straitéis athbhreithnithe an AE do Mhuir Bhailt a chur chun feidhme go pras. D'fhonn comhar le tíortha comharsanachta a fheabhsú, spreagann an Chomhairle Eorpach don Chomhairle tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun leas a bhaint as Diminsean an Tuaiscirt agus as na comhpháirtíochtaí atá aici.

**Méadú agus an Próiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais**

27. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach na conclúidí a ghlac an Chomhairle an 11 Nollaig maidir le Méadú agus an Próiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais agus tacaíonn sí leo.

**An tSiria**

28. Cuireann sé uafás ar an gComhairle Eorpach go bhfuil an staid sa tSiria ag dul in olcas i gcónaí. Tacaíonn sí leis na conclúidí a ghlac an Chomhairle an 10 Nollaig. Is díol sásaimh di freisin torthaí an 4ú chruinnithe Aireachta a bhí ag Grúpa Cairdiúil Mhuintir na Siria, a bhí ar siúl in Marrakech an 12 Nollaig 2012. Cuireann an Chomhairle Eorpach mar chúram ag an gComhairle Gnóthaí Eachtracha obair a dhéanamh ar na roghanna uile chun tacú le lucht an fhreasúra agus chun cuidiú leo agus chun tacaíocht níos fearr do chosaint na saoránach a éascú. Cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl an athuair an tuairim atá aici gur gá le haistriú polaitíochta sa tSiria chun todhchaí a bhaint amach gan Uachtarán Assad agus an réimeas mídhleathach atá aige. Tugaimid tacaíocht do thodhchaí a bheidh daonlathach agus uilechuimsitheach agus a thabharfaidh tacaíocht iomlán do Chearta an Duine agus do chearta grúpaí mionlaigh. Leanfaidh an Chomhairle Eorpach uirthi de thús áite a thabhairt don staid sa tSiria.

Ardrúnaíocht na Comhairle

**Rialacha maidir le himeachtaí na gCruinnithe Mullaigh faoin Euro a eagrú**

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

2013 — 51 lch. — 17.6 x 25.0 cm

ISBN 978-92-824-3939-5
doi:10.2860/2384

## CONAS TEACHT AR FHOILSEACHÁIN DE CHUID AN AE

**Foilseacháin saor in aisce:**

- cóip amháin:
  ar láithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu);
- níos mó ná cóip amháin nó póstaeir/léarscáileanna:
  ó ionadaíochtaí an Aontais Eorpaigh (http://ec.europa.eu/represent_ga.htm), ó na toscaireachtaí i dtíortha neamh-AE (http://eeas.europa.eu/delegations/index_ga.htm), trí theagmháil a dhéanamh leis an tseirbhís Europe Direct (http://europa.eu/europedirect/index_ga.htm) nó trí ghlaoch a chur ar 00 800 6 7 8 9 10 11 (uimhir shaorghlao as áit ar bith san AE) (*).

(*) Bíonn an fhaisnéis a thugtar saor in aisce, agus formhór na nglaonna (cé go bhféadfadh roinnt oibritheoirí, boscaí gutháin nó óstáin táille a ghearradh ort).

**Foilseacháin a bhfuil praghas orthu:**

- ar láithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu).

**Síntiúis a bhfuil praghas orthu:**

- ó dháileoirí tráchtála de chuid Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm).

QC-30-13-400-GA-C

Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
Tel. +32 22816111

*www.european-council.europa.eu*
*www.consilium.europa.eu*
*www.eurozone.europa.eu*

doi:10.2860/2384

ISBN 978-92-824-3939-5

Oifig na bhFoilseachán